Scrúdú na hArdteistiméireachta 2015

An tSraith Pictiúr 2015

Sraith	Teideal
1	Laethanta Saoire
2	Imreoir Gortaithe
3	Na Déagoirí Cróga
4	Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht
5	Ag Téacsáil sa Rang
6	An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr
7	Mo cheol thú! Mo cheol sibh
8	Tine sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile
9	Ag Campáil Cois Farraige
10	Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar Déagóirí
11	Robáil Bainc
12	Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France
13	Turas Scoile
14	Obair Dheonach
15	Ag toghadh scoláire na bliana
16	Teip sa Scrúdú Tiomána
17	Bua sa Seó Tallainne
18	Bronntanas Costasach
19	Sláinte na n-Óg: Seachtain na Sláinte
20	Samhradh Iontach

Téasc Samplach agus ceisteanna ón Scoilnet.

© PDST Technology in Education 2013. This work is made available under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/

1. **Laethanta Saoire**

1.Laethanta Saoire

Pictiúr 1: "Críochfort Aerfort Bhaile Átha Cliath: Eitiltí Amach"
Triúr cailín agus fear tacsaí atá le feiceáil sa phictiúr seo. Tá siad ina seasamh os comhair críochfortt Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ón lipéad atá ag duine acu ar a mála is léir go bhfuil na cailíní tar éis túirlingt ón tacsaí agus iad ar a mbealach go Tenerife na Spáinne. Tá duine acu ag íoc táille an turais leis an bhfear tacsaí agus ag glacadh le sóinseáil uaidh is dócha. Seans maith gur fhág sí síneadh láimhe nó séisín aige.

Pictiúr 2: "Ag seiceáil isteach"
Istigh sa chríochfort chuaigh siad go dtí deasc cláraithe na heitilte go Tenerife. Uimhir na heitilte E1 14159 [Abair (é) (a haon)--(a haon, a ceathair, a haon, a cúig, a naoi)] B'éigean dóibh a bpasanna agus a dticéid a thaispeáint, a gcuid bagáiste a mheá agus a chur isteach ar chrios iompair. Ní túisce sin ná sciobadh a mála chun bealaigh amach go dtí bolg bagáiste an eitleáin. [Sa lá atá inniú ann caiithfidh paisnéirí eitleáin dul trí scanóir slándála ar fhaitíos go mbeadh gunna nó ábhar pléascach ina seilbh acu. Scrúdaítear na málaí ar an gcaoi chéanna.]

Pictiúr 3: "Cupán tae san aerfort roimh imeacht."
Nuair a bhí an bagáiste seolta chun bealaigh agus pas bordála faighte ag gach duine acu bhí deis acu cupán tae a ól roimh dhul ar bord an eitleáin. Bhí siad go léir ag tnúth lena gceann scríbe a bhaint amach. Agus iad ag caint is ag comhrá lena chéile bhí siad ag iarraidh Tenerife a shamhlú: tránna geala, farraige ghorm ghlé, crainn pailme, an ghrian ag scalladh anuas orthu. B''fhada leo go sroichfidis an áit.

Pictiúr 4: "Sa lóistín ar deireadh"
Ar deireadh thiar thall shroich siad a gceann scríbe agus tugadh chuig an árasán a bhí curtha in áirithe acu.
Bhí an t-ionad saoire ina raibh siad ag cur futhu go hálainn. Bhí linn snámha taobh amuigh agus cathaoireacha canbháis agus leapacha gréine thart timpeall uirthi. Bhí scáthlán os cionn cuid de na leapacha chun daoine a chosaint ar ghriandó.

Pictiúr 5: "Cois farraige"
Is cosúil go raibh siad in aice na farraige agus gur chaith siad cuid mhaith ama ar an trá. Sa phictiúr seo tá daoine le feiceáil ag siúl ar an ngaineamh, ag snámh agus ag lapadaíl san uisce, nó ag sú na gréine agus iad ina luí bolg le gréin. Tá eangach eitpheile le feiceáil chomh maith agus fir agus mná óga ag imirt cluiche.

Pictiúr 6: "Beile deas"
Is cosúil go raibh bialann deas san áit chomh maith mar is léir gur thaitin a gcuid béilí leo agus go bhfuair siad seirbhís mhaith ón lucht freastail a bhí ar a ndícheall chun deochanna agus bia a thabhairt chucu ag an mbord. Freastalaí amháin díobh, fear an chroiméil agus an phráiscín bháin, bhí sé de nós aige na deochanna a iompar ar thrádaire agus gan ach aon lámh amháin faoi.

Pictiúr 6: "An halla damhsa"
Ní raibh rud ab fhearr leis na cailíní ná tamall den oíche a chaitheamh ag éisteacht le ceol agus ag damhsa. Bhí halla an-deas san ionad saoire, gathanna ioldaite solais ag lonrú ar fud an halla agus ag spréacharnach ar an liathróid mhór ruithneach a bhí ar crochadh i lár an halla agus ag casadh thart go mall. Chruthaigh an soilsiú sin an-atmasféar san áit agus bhaineadh na cailíní an-sult as an damhsa ansin.

2. Imreoir Gortaithe

2. Imreoir Gortaithe

Pictiúr 1: "Cluiche Iománaíochta [nó Cluiche Haca]"
Taispeántar cluiche iománaíochta [nó haca] idir dhá fhoireann sa chéad phictiúr, "Foireann na Scoile" atá ag imirt in aghaidh "Foireann an Choláiste". Cluiche a imrítear le camán agus sliotar is ea an iománaíocht (an iomáint). Bíonn cúigear déag ar gach foireann.Ag an tráth seo sa chluiche tá An Scoil chun tosaigh. Tá an scór le feiceáil ar chlár atá crochta go hard os cionn na páirce. Cúl agus trí chúilín atá acusan agus gan ach cúl agus cúilín amháin ag an gColáiste. Tá na himreoirí feistithe amach mar is gnáth agus mar is cóir, clogad ar a cheann ag gach duine díobh agus greille cosanta anuas thar a n-aghaidh. Tá camán [nó maide haca] ar iompar ag gach imreoir.

Pictiúr 2: "Timpiste"
Tá an stáid féin feistithe go maith le tuilsoilse agus ardáin le suíocháin don lucht féachana faoi dhíonta starrmhaide. Caithfidh gur cluiche ceannais a bhí ann mar bhí slua mór i láthair. Sa dara pictiúr is cosúil gur gortaíodh duine de na himreoirí. Tá sé ina luí ar fhleasc a dhroma agus é gan aithne gan urlabhra. Tá fuadar faoi gach aon duine teacht i gcabhair air, an moltóir, bainisteoir ceann de na foirne agus beirt oibrí paraileighis agus sínteán ar iompar acu.

Pictiúr 3: "Rannóg na dTimpistí agus Éigeandála"
Is gearr gur tógadh den pháirc é agus gur tugadh chuig ospidéal é in otharcharr. Tháinig Bainisteoir na foirne in éineacht leis agus d'fhan sé leis go dtí gur cuireadh cóir leighis air. D'fhág lucht an otharchairr é in aonad na dTimpistí agus Éigeandála.

Pictiúr 4: "Feitheamh dhá uair an chloig"
B'éigean dó fanacht tamall maith ansin sular tháinig duine ar bith chuige. Tháinig banaltra ar deireadh agus ghlac sí sonraí an bhuachalla. Rinne an Bainisteoir gearán faoin mhoill ach níorbh fhéidir leis an mbanaltra a dhath a rá ach go raibh foireann an ospidéil faoi bhrú oibre agus go raibh scuaine fada othar istigh roimhe.

Pictiúr 5: "X-ghathú, cóir leighis, agus droch-scéal an dochtúra"
Ar deireadh thiar thall rinneadh X-ghathú ar a chois agus chonacthas go raibh cnámh briste ann. Cuireadh dhá chleithín ar a chois ceann ar gach taobh agus ceanglaíodh bindealán plástair Pháras go docht daingean timpeall air. Dúirt an dochtúir leis gur droch-bhriseadh a bhí ann agus go gcaithfeadh sé aire mhaith a thabhairt dó féin go ceann cúig mhí.

Pictiúr 6: "Cúig mhí ar an mbinse; Cead aige ficheall a imirt"
Bhí an-díomá ar an mbuachaill nach bhféadfadh sé dul ar ais ag iománaíocht láithreach. Dúirt an dochtúir leis nach mbeadh cead aige cluiche ar bith a imirt ach ficheall go dtí go mbeadh an cnámh cneasaithe. Chaithfeadh sé suí i measc an lucht féachana go dtí go mbainfí an plástar agus na cleithíní dá chois.

Nach mbeadh trua agat dó agus é ina shuí ansin go huaigneach ar bhinse an bhainisteora agus a chairde ag imirt thíos ar an bpáirc.

Na Déagóirí Cróga



3. Na Deagóirí Cróga

Pictiúr 1: "Seanfhear ina chodladh go sámh. Díle báistí agus tuile sa tsráid amuigh"
Radharc cineál drámatúil atá sa phictiúr seo. Tá seanfhear ina chodladh go sámh ina leaba féin, é ina aonar sa teach is cosúil, ach tá tubaiste ag bagairt air i nganfhios taobh amuigh den fhuinneog. Tá díle báistí ag clagarnach anuas ar an tsráid amuigh agus tuilte ag éirí aníos idir na tithe. Is cosúil go bhfuil abhainn tar éis sceitheadhh thar a bruacha agus na camracháin agus na draenacha ag cur thar maoil le huisce.

Pictiúr 2: "Nuair a d'éirigh an seanfhear: bhí an t-uisce tagtha isteach sa teach"
Nuair a d'éirigh an seanfhear bhí an t-uisce tagtha isteach sa teach. Bhí tuile sa chistin agus í troigh ar doimhneacht. Bhí gach aon bhall troscáin maosta. Bhí a fhios ag an seanfhear go raibh sé i mbaol a bháite.

Pictiúr 3: "In ainm Dé fóirigí orm"
D'oscail sé fuinneog agus thosaigh sé ag béiceadh. "In ainm Dé, fóir orm!" ar seisean. Lean sé air nó go bhfaca sé beirt ag teacht ina threo agus iad ag maoscal tríd an uisce. Stócach agus cailín a bhí ann. Faoin am seo bhí an tuile tagtha aníos go coim orthu. Dhreapaigh siad thar an mballa chun dul isteach chuig an seanfhear. Bhí droch-bhail air siúd, é siocaithe ag an bhfuacht agus faitíos a anama air.

Pictiúr 4: "Tháinig beirt dhéagóirí i gcabhair air."
Rinne an bheirt dhéagóirí iarracht é a shuaimhniú. Dúirt an buachaill go bhfanfaidis leis go dtí go dtiocfadh lucht na seirbhísí éigeandála. Chuir an cailín glao gutháin ar uimhir na práinne, a naoi, a naoi, a naoi.

Pictiúr 5: "Tarrtháil"
Ba ghearr gur tháinig briogáid na ndóiteán. D'ardaigh duine de na fir tine an seanfhear amhail is nach raibh ann ach bábóg. Thóg sé amach an fhuinneog é, chuir san otharcharr é agus sheol sé go dtí an t-ospidéal é. Tharraing fir tine eile feadán breá groí amach as an meaisín mór a bhí acu agus thosaigh siad ag iarraidh uisce a thaoscadh as béal na draenach a bhí le hais colbha na sráide (idir an cosán agus an tsráid).

Pictiúr 6: "Slán sábháilte san ospidéal"
An lá i ndiaidh an eachtra seo tháinig an bheirt dhéagóirí ar cuairt chuig an seanfhear san ospidéal. Bhí feabhas mór air. Bhí sé gléasta i gculaith oíche nua agus é nite bearrtha. Ghabh sé buíochas ó chroí leis an mbeirt a chuidigh leis in am an ghátair. Níor shíl siadsan go raibh dada as an ngnáth déanta acu ach bhí áthas orthu go raibh ar a gcumas cuidiú leis an seanduine.

[Tá diltálaire chun leigheas leachtach a chur díreach isteach i bhféith an othair le feiceáil cois na leapan.]

4. Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistimeireacht

4. **Obair dhian: Torthaí maithe san Ardteistimeireacht**

Pictiúr 1: Thug Máire cuairt ar an nGairmthreoraí.
Sa chéad phictiúr tá Máire ina suí in oifig an Ghairmthreoraí. Oifig dheas néata ab ea í agus líon mór leabhar agus bileoga i leabhragán le hais an bhalla. Chuaigh sí isteach chuig an Gairmthreoraí chun ceist a chur air faoi na pointí a bheadh ag teastáil uaithí chun dul ar aghaidh go dtí an ollscoil i nGaillimh le staidéar a dhéanamh ar an gCeimic. Dúirt an Gairmthreoraí leí go gcaithfeadh sí oibriú go dian mar bheadh ceithre chéad pointe ar a laghad ag teastáil uaithí chun go ligfí isteach i nDámh na hEolaíochta in Ollscoil na Gaillimhe í.

Ceisteanna:

- Cé leis a bhfuil Máire ag caint?
- Cén t-eolas a bhí uaithi?
- Cad é an chomhairle a fuair sí?

Pictiúr 2: Tar éis scoile shiúil Máire amach go dtí an geata lena deirfiúr. Bhí siad ag caint le chéile.
Ar a bealach abhaile amach as an scoil, casadh a deirfiúr uirthí agus chuaigh an bheirt acu abhaile le chéile. D'fhiafraigh an deirfiúr di ar mhaith leí dul chuig disco an deireadh seachtaine sin ach dúirt Máire leí nár mhaith mar go raibh brú mór oibre uirthí. Dúirt sí go raibh brón uirthí ach go raibh a lán obair bhaile le déanamh aicí agus go raibh ar intinn aicí é a dhéanamh.

Sa phictiúr seo chomh maith tá eolas faoin scoil. Foirgneamh dhá stór atá ann agus scoil chomhoideachais is ea í. Is é sin, tá idir bhuachaillí agus chailíní ag freastal uirthí. Sa phictiúr seo tá beirt bhuachaillí ag imirt cispheile ar réileán na cispheile os comhair na scoile. Pointe eolais eile faoin scoil ná go bhfuil sain-éide dá cuid féin aici do na cailíní agus do na buachaillí freisin, is dócha: léine, carbhat agus geansaí ar leith agus sciath nó suaitheantas na scoile ar an ngeansaí. Déarfainn go bhfuil mana ar leith ag an scoil chomh maith.

Ceisteanna:

- Cén fáth ar dhiúltaigh Máire dul amach lena deirfiúr?
- Cad a bhí á dhéanamh ag na buachaillí os comhair na scoile?
- Cén sórt éide a chaith na scoláirí i scoil Mháire?

Pictiúr 3: Fuair Máire glao gutháin óna deartháir ag fiafraí di an dtiocfadh sí go dtí an phictiúrlann an oíche sin.
Léirítear comhrá gutháin idir dearthár Mháire agus Máire féin anseo. Chuir a dearthár glao gutháin uirthí agus d'fhiafraigh sé dí ar mhaith leí teacht chuig scannán iontach a bhí ar siúl an oíche sin sa Savoy. Bheadh sé ag tosú ar a hocht a chlog. Ba mhaith leis go dtiocfadh sí leis. Bhuel, thug sí an freagra céanna air siúd is a thug sí ar a deirfiúr. "Tá brón orm," ar sise. "Tá aiste le críochnú agam. Ní bheadh an t-am agam. Gabh mo leithscéal. Caithfidh mé obair bhaile a dhéanamh."

Ceisteanna:

- Cén cuireadh a fuair Máire ar a fón póca? Ar ghlac sí leis?
- Cé uaidh a fuair sí an glao?
- Cén leithscéal a ghabh sí?

Pictiúr 4: Chaitheadh Máire gach aon oíche ina seomra ag obair go dian.
Sa phictiúr seo feicimid Máire ina suí ina seomra leapan agus neart leabhar scaipthe timpeall ar an mbord, páipéirí ar an úrlár cois na leapan agus í ag scríobh léí go dian dícheallach**.**

Ceisteanna:

- Cá ndéanadh Máire a cuid oibre?
- Cad a bhí á scríobh aici an uair sin?

Pictiúr 5: Bhíodh imní ar a hathair fúithi. Cheap sé go raibh sí ag obair ró-dhian.
Tráthnóna áirithe, le linn do Mháire a bheith ag staidéar ina seomra bhí a máthair agus a hathair thíos staighre sa chistin ag ól cúpán tae agus ag caint fúithí. Bhí an aimsir go deas amuigh. Dúirt an t-athair go raibh sé buartha fuithí mar go raibhh an iomarca oibre á dheanamh aicí. Theastódh sos uaithí dar leis. Dúirt sé go ndéanfadh aer úr maitheas dí. B'fhearr dí a bheith amuigh.
Níor aontaigh a bhean leis. Dúirt sí go nglacadh Máire sos ag an deireadh seachtaine mar gur chailín ciallmhar í. "Ar aon nós," a deir an mháthair, "níl ach cúpla mí fágtha go dtí an scrúdú."

Seo cúpla pointe faoi na tuismitheoirí: Tá gruaig dhubh ar an mháthair agus tá gruaig fhionn nó liath ar an athair rud a fhágann gur cosúla Máire lena máthair ná lena hathair; gruaigh dhubh chatach atá uirthi-sean, ach an bheirt eile sa chlann, an deartháir is an deirfiúr, is cosúla leis an athair ná leis an mháthair iad.

Ceisteanna:

- Cén bhuairt a bhí ar athair Mháire?
- An raibh a máthair imníoch?
- Cén sórt gruaige a bhí ar Mháire?

Pictiúr 6: D'éirigh go maith le Máire san Ardteist. Thréaslaigh gach duine léi.
I bpictiúr uimhir a cúig, is léir go bhfuil torthaí na hÁrdteistimearachta fáighte ag Máire agus tá ceithre chéad caoga pointe fáighte aicí. Tá siad an mhórtasach as sin deir gach éinne. Deir an mháthair go bhfuil sé go hiontach ar fad. Deir an deirfiúr go raibh na torthaí sin tuillte go maith aicí mar gur oibrígh sí go dian dícheallach ar feadh na míonna deiridh.

Sa phictiúr seo tá an teaghlach go leir le feiceáil : athair, máthair, deirfiúr dearthair, agus Máire féin. Is leir gur lean Máire a máthair. Tá an ghruaig chéanna orthu araon, gruaig dhubh. Is í pictiúr a máthar í. Lean an bheirt eile a n-athair. Tá an ghruaig fhionn chéanna orthusan.

Ceisteanna:

- Cén cháipéis atá ina láimh ag Máire sa phictiúr seo?
- Ar éirigh go maith le Máire sa scrúdú?
- Cad a dúirt a deirfiúr léi?

Pictiúr 7: Chuaigh sí go dtí an ollscoil agus bhí sí an-sásta gur bhain sí a cuspóir amach.
Sa phictiúr deiridh, feicimid Máire ag díriú ar Ollscoil na Gaillimhe don chéad uair. De réir na smaointe atá ina ceann is léir go bhfuil ríméad uirthí. Tá sí an-sásta gur bhain sí an sprioc sin amach, agus gur éirigh leí an rud ba mhó a theastaigh uaithí sa saol a bhaint amach. Tá sí thar a bheith sásta leí féin. Tá sí ag dul isteach le clárú ar chúrsa eolaíochta in Ollscoil na Gaillimhe.

5. Ag Teacsail *sa* Rang

5. Ag Teacsail sa Rang

Pictiúr 1. Bhí Páid sa rang matamaitice.

Ceacht matamaitice a bhí ar siúl sa chéad phictiúr. Bhí an múinteoir mná ag miniú suim éigin san ailgéabar agus á taispeáint ar an gclár bán: x+2y=8 (x móide dó y cothrom le a hocht.) 2x+2y=4 (dó x móide dó y cothrom le a ceathair.) Bhí carn cóipleabhar (nó ríomhaire glún?) ar an deisc os a comhair agus dhá ionstraim chéimseatúla ar an gclár bán taobh léi: dronbhacart agus uilinntomhas.

Ceisteanna:

1. Cad atá ar siúl sa seomra seo?
2. Cén chaoi a bhfuil a fhios agat cén t-ábhar atá á mhúineadh.
3. An scoil chomhoideachais í seo?

Pictiúr 2: D'airigh Páid téacs-theachtaireacht ar a fhón póca.

Dúirt an múinteoir leis na daltaí an téacsleabhar a oscailt agus na leathanaigh a bhain leis an tsuim sin a léamh. Rinne gach aon duine mar a dúradh leo ach amháin Páid. B'fhearr leis siúd an téacstheachtaireacht óna chara Liam a tháinig chuige ar an bhfón póca a léamh. Dea-scéal a bhí ag Liam. Bheadh a thuismitheoirí imithe ón mbaile ar an Aoine agus bheadh an teach faoi fhéin aige. Bhí beartaithe aige cuireadh a thabhairt dá chairde go léir agus cóisir a bheith acu. An dtiocfadh Páid?

Ceisteanna:

1. Cén fáth nach raibh Páid ag léamh a leabhair?
2. Cé uaidh a tháinig an teachtaireacht?
3. Cén scéala a bhí ag Liam?

Pictiúr 3: Chonaic an múinteoir é á léamh. Bhí sí ar buile leis.

Sula raibh am ag Páid an teachtaireacht a fhreagairt chuala sé guth géar an mhúinteora, "Cad atá ar siúl agatsa ansin?" Bhí sí tar éis an fón póca a fheiceáil. Ní raibh sé ceadaithe fón póca, ceamara, ná taifeadán de chineál ar bith a thabhairt isteach sa rang.

"Tabhair dom é sin" ar sise. Sciob sí an fón as lámh Pháid. "Amach leat anois agus mínigh an droch-iompar seo don Phríomhoide" ar sise.
Ba léir ar a dreach go raibh sí ar mire le fearg. Bhí ionadh ar na daltaí eile go ndéanfadh Páid a leithéid.

Ceisteanna:

1. Cén fáth nár fhreagair Páid an teachtaireacht ó Liam?
2. Cén riail scoile a bhí briste aige?
3. Céard a dúirt an múinteoir leis a dhéanamh?

Pictiúr 4: B'éigean do Pháid dul chuig an bPríomhoide.

Níorbh fhada gurbh éigean do Pháid suí os comhair an Phríomhoide. Ghabh sé a leithscéal léi. Dúirt sé gurbh amadán é a leithéid de rud a dhéanamh agus go raibh brón air an trioblóid seo a tharraingt air féin.

Thóg an Príomhoide cóip de Rialacha na Scoile agus mheabhraigh sí dó go gcaithfeadh daltai meas a bheith acu ar a chéile, ar na múinteoirí agus ar an obair a bhí le déanamh acu. Dúirt sí nár cheart dó cur isteach ar obair an mhúinteora ná ar obair na ndaltaí eile sa rang trí fhón póca a úsáid.

Ceisteanna:

1. Cad a dúirt Páid leis an bPríomhoide?
2. Cén cháipéis a bhí ina lámha ag an bPríomhoide?
3. Cad a dúirt an Príomhoide le Páid?

Pictiúr 5A: D'iarr an Príomhoide ar mháthair Pháid teacht chuig an scoil.

Chuir an Príomhoide glao gutháin ar mháthair Pháid – ar a fón póca féin!
Mhínigh sí an scéal di. D'iarr sí uirthi teacht chuig cruinniú sa scoil d'fhonn an scéal a phlé le Páid.

Pictiúr 5B: Dúirt máthair Pháid go dtiocfadh sí.
Ní fhéadadh an mháthair a chreidiúint go ndéanfadh Páid rud mar sin.
Dúirt sí go rachadh sí go dtí an scoil láithreach bonn baill.

Ceisteanna:

1. Céard a rinne an Príomhoide?
2. Cén freagra a thug máthair Pháid?
3. Céard atá á chaitheamh (a) ag an bPríomhoide ar a súile agus (b) ag máthair Pháid timpeall ar a muineál?

Pictiúr 6: Ghabh Páid a leithscéal leis an bPríomhoide agus lena mháthair.

Ba ghearr go raibh Páid, a mháthair agus an Príomhoide ina suí le chéile in oifig an Phríomhoide. Thug an mháthair íde béil do Pháid i láthair an Phríomhoide. Dúirt sí go raibh sí an-mhíshásta leis. Theastaigh uaithi go mbeadh sé ag obair ar scoil agus go n-ullmhódh sé do na scrúdaithe. Ba mhian léi go bhfoghlaimeodh sé ón eachtra seo agus nach ndéanfadh sé a leithéid sin arís.

Bhí Seán dobrónach go leor. Ghabh sé a leithscéal lena mháthair agus leis an bPríomhoide. Dúirt sé go raibh brón air.

Dúirt an Príomhoide go gcaithfeadh sise seasamh le rialacha na scoile agus go gcaithfeadh sí dea-shampla a léiriú do dhaltaí eile na scoile. Dá bhrí sin chaithfeadh sí pionós a ghearradh ar Pháid as an rud a bhí déanta aige. Dúirt sí go gcuirfeadh sí ar fionraí é go ceann dhá lá.

Ceisteanna:

1. Céard a dúirt Páid?
2. Céard a dúirt an Príomhoide?

6. **An Ghaeilge-seoid luachmhar agus cuid dar gcultur**



7. Mo cheol thu! Mo cheol sibh

7. Mo Cheol thú! Mo cheol sibh.

Pictiúr 1: "Cuireadh fógra don ghrúpa ceoil ar bhalla na scoile."
Sa chéad pictiúr feicimid fógra ar bhalla scoile Choláiste Phádraig faoin ngrúpa traidisiúnta: go mbeadh orthu cleachtadh am lóin agus tar éis scoile gach Luan agus gach Céadaoin feasta.

Pictiúr 2: "Chaithfeadh na baill cleachtadh tar éis scoile."
Feicimid iad ag a cúig a chlog tráthnóna sa phictiúr seo. Tá siad ag cleachtadh go dian, ceathrar acu. Tá múinteoir á stiúradh, cailín ar an bhfeadóg, cailín ar an veidhlín, beirt bhuachaillí, duine díobh ar veidhlín, agus an duine eile ar an bhfliúit (ar an bhfeadóg mhór).

Pictiúr 3: "B'éigean dóibh píosaí ceoil nua a fhoghlaim sa bhaile."
Sa phictiúr seo feicimid cailín amháin díobh ag cleachtadh sa bhaile. B'éigean dí port nua a úllmhú don lá dár gcionn . Bhí sí an-díograiseach.

Pictiúr 4: "Chuir siad isteach ar chomórtais. Bhuaigh siad."
Chuir siad isteach ar Fhleá an Chontae. Feicimid duine de na moltóirí ag léamh liosta na dtorthaí. Dúirt sé go raibh ceithre ghrúpa traidisiúnta istigh ar an gcomórtas. Dúirt sé go raibh siad go léir ar fheabhas agus go raibh obair mhór déanta acu ach gurbh iad na buaiteoirí ná Coláiste Phádraig.

Pictiúr 5: "Bhuaigh siad arís."
Is léir gur thárla an rud céanna ag Fleá an Chúige. Sheas duine de na moltóirí, bean an uair seo, sheas sí suas agus léigh sí an toradh. Dúirt sí gur bhuaigh Coláiste Phádraig Comórtas na nGrúpaí Traidisiúnta.

Pictiúr 6: "D'éirigh leo dul chomh fada le Fleá Cheoil na hÉireann."
Chuaigh siad chomh fada le Fleá Cheoil na hÉireann a reachtáladh an bhliain sin i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.

Pictiúr 7: "Bhuaigh siad duais. Sheinn siad i gCeolchoirm na mBuaiteoirí."
Chuir siad isteach ar an gcomórtas agus bhuaigh siad arís. A leithéid de ghártha molta níor chualathas riamh. D'ardaigh a lucht leanúna baill an ghrúpa ar a nguaillí agus d'iompair siad iad timpeall an halla le mórtas. Bhí lúcháir agus ríméad ar gach aon duine.
Oíche Cheolchoirm na mBuaiteoirí, ag a hocht a chlog, sheinn an grúpa traidisiúnta ó Choláiste Phádraig agus d'éirigh go hiontach leo. Bhain gach aon duine an-spraoi agus sult as an gceol a sheinn siad. Bhí siad go léir sásta agus bhí an-oíche go deo acu an oíche sin.

Pictiúr 8: "D'eagraigh an scoil seisiún ceoil dóibh mar cheiliúradh ar a mbua."
Nuair a tháinig siad abhaile chuig an scoil d'eagraigh an scoil ceiliúradh i halla na scoile. D'eagraigh siad seisiún ceoil ag a hocht a chlog agus thúg an Príomhoide agus cuid de na múinteoirí óráidí ag moladh an ghrúpa traidisiúnta a bhuaigh Fleá Cheoil na Éireann. Dúirt an Príomhoide gur bhua stairiúil ab ea é agus go raibh moladh agus buíochas tuillte ag gach aon duine a bhí páirteach ann. Dúirt sé go ndearna siad go léir obair iontach. Ghabh sé buíochas leis na múinteoirí, leis na tuismitheorí agus le pobal na scoile, as a gcomhoibriú. Labhair duine de bhaill an ghrúpa féin agus ghabh sé buíochas le gach aon duine freisin. Dúirt sé go bhfuair siad tacaíocht ó na tuismitheorí, ó na múinteoirí, agus ó phobal na scoile chomh maith. "Mo cheol sibh" an moladh deireanach a fuair siad.

6. An Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

Sa tsraith seo chinn beirt scoláire ar rud éigin fiúntach a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn. D'eagraigh siad turas chun na Gaeltachta. Chuir siad ciorcal comhrá ar bun. Thosaigh siad féin ag éisteacht le Raidio na Gaeltachta agus ag féachaint ar TG4. Tar éis a gcuid iarrachtaí bronnadh gradam orthu.

Pictiúr 1 : **Chonaic beirt stócach fógraíocht i nGaeilge ar shiopa.**

Bhí Aodh agus Briain ag siúl thar shiopa ceoil agus chonaic siad fogra i nGaeilge. "Sladmhargadh na Cásca". Chuir sé sin ag smaoineamh iad. Dúirt Aodh go raibh áthas air an Ghaeilge a fheicéail sna comharthaí. Dúirt Brian gur aontaigh sé leis ach gur fúthú féin, faoin nglúin s'acu siúd, an Ghaeilge a chur chun cinn. Rinne siad an scéal a phlé ar feadh tamaill agus d'admhaigh siad go mbraithfeadh sláinte na teanga orthu féin. Gléasanna ceoil a bhí ar taispeáint sa bhfuinneog, cairdín (bosca ceoil), consairtín, bainseo, bodhrán agus cláirseach.

Ceisteanna:

- Cad a chonaic na stócaigh?
- Cad a dúirt siad faoin nGaeilge?
- Cad a bhí i bhfuinneog an tsiopa?

Pictiúr 2 : **Ghúgláil siad an tIdirlíon chun eolas a fháil faoin nGaeltacht.**

Chuaigh siad ar an idirlíon agus ghúgláil siad “Turas chun na Gaeltachta.” Chuaigh siad isteach ar líonra sóisialta Facebook chun eolas a fháil faoi na coláisí Gaeilge sa Ghaeltacht. D'fhéach siad ar na tithe lóistín, agus ar na praghasannna agus araile. Chinn siad ar thuras chun na Gaeltachta a eagrú. D'iarr siad ar a gcairde teacht leo.

Ceisteanna:

- Cén t-eolas a bhí ag teastáil uathu?
- Cén líonra sóisialta a chuartaigh siad?
- Cad a bheartaigh siad a dhéanamh?

Pictiúr 3a : **Chuaigh siad ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht.**

Chaith siad tamall sa Ghaeltacht. Thaitin sé go mór leo bheith ag caint Gaeilge lena chéile agus ag cur aithne ar dhaoine eile trí mheán na Gaeilge.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh siad?
- Cad é an rud is mó a thaitin leo?

Pictiúr 3b: Thaitin an ceol agus an damhsa leo ag na céilithe.

Bhain siad an-spraoi as an siamsaíocht sa Ghaeltacht. Taispeantar iad ag éisteacht le ceol rince na hÉireann agus iad ag damhsa sean-rincí traidisiúnta ar nós "An Staicín Eornan" nó "Ionsaí na hInse" ag an gcéilí.

Ceisteanna:

- Cén sort siamsaíochta a bhí acu sa Ghaeltacht?
- Ainmnigh damhsa amháin?

Pictiúr 3c: Bhain siad an-sult as na cluichí ar an trá.

I rith an lae bhí an-spraoi acu ag imirt cluichí amuigh. Lá de na laethanta chuir siad eangach eitpheile suas ar an trá. Roghnaigh siad dhá fhoireann agus d'imir siad cluiche eitpheile. Bhí idir bhuachaillí agus chailíní ar an dá fhoireann. B'alainn an lá é. Bhí an ghrian ag scalladh anuas orthu. Bhí an taoide ag siosarnach is ag slaparnach ar an ngaineamh taobh leo, agus bhí bád seoil le feiceáil i bhfad i gcéin ar fhíor na spéire. Fógra deas don Ghaeltacht is ea na trí phictiúr sin.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh siad um thráthnóna?
- Cén cluiche a d'imir siad?
- Cad é an radharc a bhí le feiceáil acu?

Pictiúr 4: Nuair a d'fhill siad ar an scoil theastaigh uathu an Ghaeilge a labhairt.

Nuair a tháinig siad ar ais ar scoil chuir siad Ciorcal Comhrá Gaeilge ar bun. Is é plean a bhí acu ná go dtiocfadh daltaí ar mhian leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh le chéile ag am lóin gach Luan chun Gaeilge a labhairt lena chéile. Rinne siad é sin agus d'éirigh go maith leis mar scéim. Tháinig an-fheabhas ar líofacht Ghaeilge na ndaltaí a ghlac páirt sa chiorcal comhrá.

Ceisteanna:

- Cad a chuir siad ar bun sa scoil?
- Cén uair a bhuail siad le chéile?
- Cén toradh a bhí ar an scéim sin?

Pictiúr 5a: Thosaigh siad ag éisteacht le Raidio na Gaeltacha.

D’éist siad le Raidio na Gaeltachta. Bhí siad in ann é a fháil ar an bhfón póca a bhí acu. Bhainidis feidhm as cluasáin ionas nach mbeadh glór an raidio ag cur isteach ar dhaoine eile. D’fhéadaidís éisteacht le Radio na Gaeltachta i nganfhios don saol mór. Éisteacht faoi rún a bhí ar siúl acu.

Ceisteanna:

- Conas ar éirigh leo Gaeilge a chloisteáil?
- Cén fáth ar úsáid siad cluasáin?

Pictiúr 5b: Chuir siad TG4 ar siúl agus thaitin na cláir leo.

Níorbh fhéidir breathnú ar TG4 faoi rún áfach. Sin fadhb leis an teilifís. Mura bhfuil ach teilifís amháin sa seomra caithfidh gach duine dá bhfuil ann féachaint ar an gclár céanna. Theastaigh ón leaid óg, -- Brian? -- breathnú ar TG4 agus b'éigean dó áiteamh ar a athair ligean dó an cainéal sin a roghnú. Um tráthnóna, sa bhaile, d'iarr Brian ar a athair suí agus féachaint ar TG4. "Is fiú féachaint ar TG4" a deir sé. Bhí an t-ádh air go raibh a athair sásta féachaint ar an gclár in éindí leis.

Ceisteanna:

- Cén cainéal teilifíse a theastaigh ó Bhrian?
- An raibh a athair sásta leis sin?

Pictiúr 6 : Bhronn Príomhoide na scoile gradam Gaeilge orthu as a ndíograis.

Iontas na n-iontas, d'eagraigh an scoil searmanas beag chun gradam a bhronnadh ar an mbeirt. Thréaslaigh Príomhoide na scoile leo as an iarracht a bhí déanta acu an Ghaeilge a neartú sa scoil agus sa cheantar. Bhronn sí trófaí beag orthu araon a raibh a n-ainmneacha greannta air. Bhí ríméad orthu a leithéid sin de bhuíochas a fháil.

Ceisteanna:

- Cén t-aitheantas a fuair siad ón scoil?
- Cad a bhí le rá ag an bPríomhoide?
- Céard a thug an Príomhoide dóibh?

8. Tine sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile.



8. Tine sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile.

Léiríonn an scéal seo an baol a bhaineann le bia friochta a ullmhú.

Pictiúr 1. Thosaigh triúr daltaí ag cócaráil sa seomra Eacnamaíocht Bhaile.
Triúr daltaí scoile, beirt bhuachaillí, Brian agus Colm, agus cailín, Nóra, chuaigh siad a chócaráil sa seomra Eacnamaíocht Bhaile. Bhí Bean de Barra, an múinteoir tís (eacnamaíocht bhaile) i bhfeighil an ranga. Bhí gach aon duine acu gléasta don ghnó. Bhí cóta fada bán ar Bhean de Barra agus naprún bán ar gach dalta. Sorn gáis a bhí acu. Bhí sé cinn de mhurláin air chun an teas a rialú, is é sin, chun é a ardú is a ísliú de réir mar ba ghá. Is dóigh liom go raibh ceithre phláta cócarála ar a bharr agus thíos futhusan bhí greille. Thíos faoi sin arís bhí oighean. Bhí doras gloine ar an oighean agus ar an ngreille.

Thosaigh Brian leis an bhfriochtán. Chuir sé ola ann agus theastaigh uaidh é a théamh. Chuir sé an gás ar siúl go hard. Ró-ard! Ba ghearr go raibh gal ag éirí as an ola agus fuaim giosála le cloisteáil ón bhfriochtán. Ní dúirt Bean de Barra a dhath ach í ag feitheoireacht, mar dhea. Caithfidh go raibh sí ag brionglóideach nó go raibh codladh na súl oscailte uirthi.
Ceisteanna:

- Cén t-ábhar scoile a bhí ar siúl sa rang seo?
- Cén gléas cócarála a bhí acu ?
- Cad a bhí beartaithe ag Brian a dhéanamh ?

Pictiúr 2. Go tobann chuaigh an ola sa bhfriochtán trí thine.

Is ansin a tharla an timpiste. Chuaigh an ola sa bhfriochtán trí thine. Phléasc bladhmanna móra lasrach aníos as an bhfriochtán. Anois bhí géarchéim buailte leo. Bhí contúirt ann go rachadh an áit go léir trí thine. Lig an múinteoir scread aisti ag fógairt ar na daltaí go léir imeacht as an seomra. "Gabhaigí amach" a deir sí. "Amach libh go beo." Chuir sí iallach ar na scolairí go léir imeacht as an seomra láithreach bonn baill.
Ceisteanna:

- Cén fáth ar lig an múinteoir scread aisti?
- Cad ba chúis leis an tine?
- Cad a rinne na scoláirí?

Pictiúr 3A: Chuir an múinteoir an córas rabhaidh (an t-aláram) ar siúl.
Bhí córas rabhaidh sa seomra le húsáid in am na práinne. Thuas go hard ar an mballa bhí bonnán aláraim ann agus thíos faoi bhí lasc slándála istigh i mbosca taobh thiar de phána beag gloine.
Ceisteanna:

- Cén córas rabhaidh a bhí sa seomra?
- Cá raibh an lasc ?

Pictiúr 3B:
Rith an múinteoir go dtí an córas rabhaidh seo. Bhris sí an ghloine. Bhrúigh sí ar an lasc agus chualathas bonnán géar scáfar ag bualadh go headrannach ar fud na scoile uilig, “Ding! Ding!”
Ceisteanna:

- Cad a rinne an múinteoir chun rabhadh a thabhairt?
- Cad a tharla ansin?

Pictiúr 4A: Cuireadh fógra amach ar chóras callairí na scoile.

Ansin chualathas guth an phríomhoide ar an gcallaire: “Téigí go léir amach. Tá tine sa scoil ach ní gá bheith buartha. Téigí amach go dtí an clós. Téigi go dtí an t-ionad tionóil amuigh ach téigí go mall. Ná bíodh aon duine ag rith ná ag pleidhcíocht. Ná bíodh amaidíocht ar siúl ag duine ar bith. Téigí amach go dtí na háiteanna a leagadh amach daoibh sa chlós mar a rinne sibh go minic cheana sna cleachtaí a bhí againn.”
Ceisteanna:

- Cé a labhair leis na daltaí?
- Cén treoir a thug sé do na scoláire?
- Cén sórt cleachtaí a bhí acu?

Pictiúr 4B: Chuaigh na daltaí amach go dtí an clós. Ghlaoigh na múinteoirí an rolla.
Chruinnigh na daltaí san ionad tionóil amuigh sa chlós. Sheas na daltaí go léir i línte de réir a ranganna. Chuaigh gach múinteoir i bhfeighil a ranga féin agus ghlaoigh siad na rollaí chun a chinntiú go raibh gach aon duine ansin. [Is léir go n-imrítear cispheil amuigh ansin de ghnáth. Tá cuaille agus eangach cispheile le feiceáil sa phictiúr.]
Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh na daltaí?
- Cad a rinne na múinteoirí?
- Cén cluiche a imrítear sa chlós?

Pictiúr 5:
Lena linn sin chuaigh beirt fhear óg isteach sa seomra eacnamaíocht bhaile. Thóg siad anuas na múchtóirí dóiteáin a bhí ar crochadh ar an mballa agus scaird siad uisce ar an bhfriochtán.

Is botún mór é uisce a chur ar ola atá ar lasadh. Phléascfadh an ola aníos as an bhfriochtán nuair a bhuailfeadh an t-uisce leis. Scaipfí an ola agus leathfadh an tine. B’fhearr tuáille tais nó clúdach miotail a chur ar an bhfriochtán chun an tine a mhúchadh. Ní dhódh an ola de cheal aeir.

Cibé ar bith, mhúch siad na lasracha. Má mhúch d’éirigh púir dheataigh agus gaile ón bhfriochtán a chuaigh ar fud an tseomra agus a d’fhág smál ar na ballaí.

Ceisteanna:

- Cé a mhúch na lasracha?
- Cad é an gléas a d'úsáid siad ?
- Cén botún a rinne siad?

Pictiúr 6A.
Nuair a bhí an tine múchta agus an chontúirt maolaithe d'fhill na daltaí ar a seomraí.

Pictiúr 6B.
Sa seomra eacnamaíocht bhaile labhair an múinteoir leis na daltaí. D'fhiafraigh sí díobh cad é an ceacht a bhí le foghlaim as ar tharla. D'fhreagair siad go gcaithfidís a bheith ullamh do gach aon rud; go gcaithfidís a bheith aireach agus smaoineamh go bhféadfadh a leithéid tarlú.

Ceisteanna:

- Cén cheist a chuir an múinteoir ar na daltaí?

9. Ag Campáil Cois Farraige



9. Ag Campáil Cois Farraige

Bheartaigh beirt bhuachaillí dul ag campáil ach chaith siad an deiridh seachtaine in óstán.

Pictiúr 1A agus 1B. Tar éis na hArdteiste bheartaigh beirt bhuachaill dul ag campáil.

An dara lá is fiche de Mheitheamh a bhí ann agus bhí scrúdaithe na hArdteistiméarachta críochnaithe ag na dearthâireacha Seán agus Séamas. Cúpla ab ea iad. Dhéanadh siad gach aon rud le chéile. An uair seo d'inis siad dá dtuismitheoirí go raibh beartaithe acu dul ag campáil cois trá i Loch Garman ar feadh deireadh seachtaine. Bhí áthas ar na tuismitheoirí iad a bheith ag bogadh amach. Dúirt siad gur smaoineamh maith a bhí ann.

Ceisteanna:

- Cén fáth a raibh na buachaillí seo ag ceiliúradh?
- Céard a bheartaigh siad a dhéanamh?
- Cá fhad a d'fhanfaidis i Loch Garman?

Pictiúr 2. Bhí an lá go breá nuair a shroich siad an t-ionad campála. Thóg siad an puball.

Bhí an t-ionad campála suite i bhfoisceacht leath-mhíle den trá. Bhí báid seol le feiceáil ag gluaiseacht thar bráid ar an bhfarraige. Lá breá samhraidh ab ea é. Bhí an ghrian ag taitneamh agus ní raibh scamall sa spéir. Chuaigh Seán agus Séamas i mbun oibre le máilléad, stácaí, agus téadáin. D'éirigh leo an puball a thógáil gan stró. Puball deas uiscedhíonach ab ea é a raibh áit chodlata do bheirt ann. Bhí na buachaillí an-sásta leis. Cheap siad go mbeadh siad an-chompordach sa phuball seo ar feadh an deireadh seachtaine.

Ceisteanna:

- Cá raibh an t-ionad campála?
- Cad a rinne siad i dtosach?
- Cén fáth a raibh máilléad acu?

Pictiúr 3A. Chaith siad tamall ar an trá ag sú na gréine.

Bhí go maith is ní raibh go holc. Chuaigh na buachaillí ag snámh agus ina dhiaidh sin leath siad na tuáillí ar an ngaineamh agus luigh siad síos ag sú na gréine. Thug Seán leabhar leis agus thosaigh sé á léamh. Bhí bruithean ann agus an ghrian fós ag scalladh anuas orthu.

Ceisteanna:

- Conas a chaith siad an tráthnóna?
- Cén chaoi a raibh an aimsir?
- Cad a bhí le feiceáil acu?

Pictiúr 3B. Go tobann d'athraigh an aimsir. Thosaigh sé ag cur báistí go trom.

Go tobann tháinig scamall dorcha sa spéir agus ba ghearr gur thosaigh sé ag stealladh báistí. B'éigin don bheirt rith ar nós na gaoithe chun dul ar ais go dtí an puball.

Ceisteanna:

- Cén fáth ar rith na buachaillí ón trá?
- Cén t-athrú a tháinig ar an spéir?

Pictiuir 4. Shéid an ghaoth agus leagadh an puball.

Ach, mo léan, nuair a shroich siad an puball fuair siad amach nár dhaingnigh siad ró-mhaith é nuair a bhí siad á thógáil. Bhí gála gaoithe ag séideadh agus leagadh an puball orthu. Bhí sé leagtha go huile is go hiomlán. Bhí na leapacha fliuch maosta. Bhí siad féin fliuch go craiceann chomh maith. Ní raibh a fhios acu cad a dhéanfaidís agus an díle bháistí anuas orthu.

Ceisteanna:

- Cén fáth a raibh an crann ag cromadh agus ag luascadh?
- Céard a thárla don phuball?
- Cén chaoi a raibh na buachaillí anois?

Pictiuir 5A. Chuir duine de na buachaillí glao gutháin ar a n-athair.

D'árdaigh Séamas an fón agus d'inis sé an scéal dá n-athair. Dúirt sé go raibh rúdaí tar éis dul amú orthu agus go raibh siad fliuch go craiceann.

Ceisteanna:

- Cé air a glaoigh an buachaill?
- Cén scéal a d'inis sé?

Pictiúr 5B. Dúirt an t-athair go bhféadfaidis dul isteach san óstán in aice leo.

Bhí an t-ádh orthu mar dúirt a n-athair leis go raibh óstán deas in aice láimhe agus go raibh aithne aige féin ar an mbainisteoir. D'fhéadfaidís dul isteach ansin agus gheobhadh siad lóistín oíche ann agus béile deas blasta um thráthnóna.

Ceisteanna:

- Cén réiteach a bhí ag a n-athair ar a gcruachás?
- Cén fáth a raibh sé cinnte go bhfaigheadh na buachaillí lóistín san óstán?

Pictiúr 6. Chuaigh siad isteach in Óstán na Faille agus bhí béile breá acu.

Chuaigh siad isteach in “Óstán na Faille” agus chuir an Bainisteoir fáilte rompu. Thug sé seomra dóibh agus leag sé béile breá mór ós a gcomhair sa bhialann. Bhí siad thar a bheith sásta leo féin. Dúirt siad gurbh olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin. Fiú má leagadh an puball orthu bhí toradh níos fearr acu as. D'éirigh leo oíche a chaitheamh in óstán agus béile mór a fháil saor in aisce.

Ceisteanna:

- Cad a rinne na buachaillí?
- Cár chaith siad an oíche?
- An raibh ocras orthu?

10. Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Deagóirí

10. Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Deagóirí

Achoimre:
Sa tsraith seo pléitear na fadhbanna atá ag cur isteach ar dhaoine óga sa lá atá inniu ann: an brú a chuireann córas na bpointí ar na scoláirí, an t-ólachán, na drugaí, trioblóid leis na Gardaí, an dífhostaíocht agus an eisimirce, agus an dóchas atá ann go dtiocfaidh feabhas ar an scéal.

Pictiúr 1 : **Chuir clár teilifíse tús le hábhar comhrá: Fadhbanna Sóisialta Déagóirí.**

Bhí beirt daoine óga, buachaill agus cailín, ag féachaint ar an teilifís. Tháinig clár fáisnéise ar an scáileán dar teideal 'Fadhbanna na nÓg Inniu'. Chuir siad suim sa chlár. D'aontaigh siad go raibh 'trioblóidí' á bhfulaingt ag roinnt mhaith déagóirí.

Ceisteanna:

- Cad a bhí á dhéanamh ag an mbeirt seo?
- Cén t-ábhar a bhí á phlé?
- An ndeachaigh an t-ábhar sin i gcion orthu?

Pictiúr 2 : **Lean siad orthu ag plé an chláir le beirt dá gcairde.**

Sa dara pictiúr, feicimid an bheirt chéanna ag plé an chláir lena gcairde i seomra caidrimh na sinsear ar scoil. D'fhiafraigh duine díobh an bhfaca na daoine eile an clár. Is léir go bhfaca. Dúirt duine acu go raibh sé scanrúil.

Ceisteanna:

- Cá raibh an ceathrar seo?
- Céard faoi a bhfuil an ceathrar ag caint?
- Conas a mhothaigh siad faoi?

Pictiúr 3a : **Fadhb a chuireann isteach ar dhéagóirí ná go mbíonn siad faoi shíor-bhrú ag scrúduithe.**

Sa chéad phictiúr eile feicimid an pointe seo : brú scrúdaithe. Téann scoláiri ar scoil chun ábhair a fhoghlaim ach ní feidir leo foghlaim de réir a spéise san ábhar. Caithfidh siad staidéar a dhéanamh ar na gnéithe den ábhar is mó a thuillfidh marcanna dóibh agus na gnéithe sin den ábhar a mbeadh suim acu féin iontu a fhágáil i leataobh.

Ceisteanna:

- Cad a bhí á dhéanamh ag na daoine óga sa phictiúr seo?
- Cén fáth nach raibh mála scoile le feiceáil?
- Conas a mhothaigh siad faoina raibh ar siúl acu?

Pictiúr 3b: Caithfidh siad a ndóthain pointí a fháil ó na scrúduithe le dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal.

Cad faoi chóras na bpointí? Séard atá i gceist le córas na bpointí ná go gcaithfidh scoláirí líon áirithe pointí a thuilleamh san Ardteistiméireacht más mian leo áit a fháil ar a rogha cúrsa triú leibhéil. Admhaíonn siad go gcuireann an riachtanas sin brú uafásach ar dhaoine óga. Daoine iad seo i bpictiúr uimhir a trí ar mhian leo dul ar aghaidh go dtí an ollscoil. Daoine éirimiúla uaillmhianacha is ea iad.

Ceisteanna:

- Cén chaoi a roghnaítear scoláirí tríú-leibhéil.
- Conas a gheobhaidh siad pointí?
- Cad ba mhian le cuid de na scoláirí ab éirimiúla a dhéanamh tar éis scrúdú na hArdteistiméarachta?

Pictiúr 4a: Tosaíonn cuid de na déagóirí ag ól i nganfhios dá dtuismitheoirí.

Ach, bíonn fadhb ag daoine nach mbíonn chomh héirimiúil sin nó daoine a éiríonn as an oideachas go hóg.

Feicimid triúr leaids óga. Tá beirt acu ag ól as cannaí agus an triú duine ag ól as buidéal. Táim cinnte gur beoir atá á ól ag na boic óga seo agus bhodca nó ceirtlis ag an triú duine. Cén fáth a bhfuil sé sin ar siúl acu? Bhuel – drochshampla ó na tuismitheoirí tráth dá raibh agus tá an beoir ar fáil go héasca sna hollmhargaí agus sna siopaí eischeadúnais ar phraghas an-saor. Agus mo léan, téann daoine óga go dtí teach éigin a bheadh saor ó fheitheoireacht agus na tuismitheoirí as baile agus ólann siad a sáith den bheoir. Ní thuigeann siad go leanann fadhbannna an t-ólachán. Má ólann siad an iomarca beidh siad ar meisce, tosóidh siad ag troid is ag bruíon, tarlóidh timpiste agus gortófar duine éigin. Anuas air sin déanfaidh siad dochar dá sláinte. Éireoidh cuid acu tugtha don alcól agus ní bheidh siad in ann éirí as. I ngeall ar chloigeann tinn a bheith orthu ar maidin ní bheidh siad in ann dul ar scoil ná aird a thabhairt ar an staidéar.

Ceisteanna:

- Cad atá ar siúl ag an buachaillí seo?
- Cá bhfuair siad na cannaí agus na buidéal?
- Cén dochar a bhaineann leis an ólachán seo?

Pictiúr 4b: Éiríonn cuid eile díobh tugtha do dhrugaí neamhdhleathacha.

Feicimid an mangaire drugaí ag seachadadh druga éigin do cheannaitheóir agus an ceannaitheóir ag tabhairt airgid dó. Is margadh suarach neamhdhleathach atá ar siúl ansin. Tá siad beirt imníoch, faiteach - duine acu ag féachaint timpeall air ar nós circe ag faire ar shionnach agus an duine eile, an mangaire drugaí is dócha, agus cochall thar a cheann aige i gcaoi is nach n-aithneodh aon duine é.

Ceisteanna:

- Cén fáth a bhfuil a cheann clúdaithe le cochall ag duine acu?
- Céard atá á dhíol ag an duine sin?
- Cén fáth a bhfuil eagla ar an mbeirt acu?

Pictiúr 4c: Beidh na Gardaí sa tóir ar lucht ólacháin "cois claí" agus lucht díolta drugaí

Is léir ón suaitheantas agus ón gcaipín gur Garda é seo agus deir sé le daoine óga gan a leitheid a dhéanamh, 'Ná déanaigí é sin.' Cuireann sé comhairle orthu gan a bheith ag ól nó ag tógáil drugaí.

Ceisteanna:

- Cén cúram atá ar an nGarda?
- Conas a d'aithneofá Garda?
- Cad é dea-chomhairle an Gharda seo do dhaoine óga?

Pictiúr 5a: Fadhb eile atá ag daoine óga ná an dífhostaíocht.

Feicimid scuaine fada os comhair Oifig Leasa Shóisialaigh –buachaillí den chuid is mó ach tá roinnt cailíní sa scuaine chomh maith. Tá siad difhostaithe agus tá siad ag freastal ar an oifig seo chun cúnamh dífhostaíochta a fháil. Mí i ndiaidh míosa, lá i ndiaidh lae, seachtain i ndiaidh seachtaine bíonn oibrithe á leagan as obair. Cailleann daoine óga a bpostanna agus bíonn orthu cúnamh dífhostaíochta a lorg. Ba mhaith leo jabanna eile a fháil ach níl jab le fáil. Tá cúlú eacmanaíochta sa tír faoi láthair. Tá an géilleagar ag crapadh. Is fada ó bhí an Tíogar Ceilteach i réim agus monarchana á n-oscailt i ngach aon áit, blocanna árasán á dtógáil sna sráidbhailte is lú agus is iargúlta ar fud na hÉireann agus airgead á chaitheamh mar a bheadh snaois ar thórramh.

Ach anois, a mhalairt ar fad atá ag tarlú – ag méadú ata an dífhostaíocht agus tá daoine i gcruachás agus tá a scéal féin ag gach uile dhuine de na daoine atá sa líne sin. Cuid acu, bheadh siad pósta; bheadh bean agus páistí ag brath ar an tuarastal a gheobhaidis - an tuarastal nach bhfuil á fháil acu anois. Bheadh morgáiste acu. Bheadh siad ag iarraidh teach a cheannach agus an teach sin a bheadh leathcheannaithe acu, ní fiú faic anois é. Tá luach an tí tite agus tá cothromas diúltach i gceist. Tá na daoine dífhostaithe seo, a bhíodh ag obair tráth, ag fulaingt go dona. Ní féidir leo na gálaí morgáiste a íoc agus tá baol ann go mbainfidh na bainc an teach díobh.

Ceisteanna:

- Cén fáth a bhfuil an oiread sin daoine óga ag fanacht?
- Cén fhadhb mhór atá tar éis an tír seo a bhuaileadh?
- Conas a mhothaigh cuid de na daoine sa scuaine sin?

Pictiúr 5b : Caithfidh daoine óga dul ar eisimirce chun obair a fháil.

Cad é réiteach na faidhbe? Tá pictiúr d'aerfort anseo agus eitleán ag éirí den talamh agus ag dul suas sa spéir. Léiríonn sé sin reiteach amháin ar an gcruachás ina bhfuil oibrithe na hÉireann – is é sin, dul ar imirce thar lear. Téann Éireannaigh óga go dtí an Astráil, go Ceanada, go Meiriceá nó go Sasana nó go dtí tír ar bith ar chlár an domhain ina bhfuil obair le fáil. Tá a lán daoine ag imeacht as Éirinn anois

chun obair a fháil agus is cosúil go bhfuil ag éirí leo obair a fháil thar lear. Ní rud maith é sin mar caithfidh siad an bhean agus na páistí a fhágáil sa bhaile, gan athair, ach más mian leo na billí a íoc caithfidh siad é a dhéanamh.

Ceisteanna:

- Cé a bhí ar bord an eitleáin sin?
- Cén fáth a raibh siad ag dul thar lear?
- Cad iad na tíortha is mó a dtéann Éireannaigh chucu?

Pictiúr 6 : Tá gach duine ag tnúth le feabhas a theacht ar eacnamaíocht na tíre.

Tá an bheirt déagóirí tar éis an clár seo a bhí ar an teilifís a phlé agus deir an cailín leis an mbuachaill go bhfuil súil aici go dtiocfaidh feabhas ar eacnamaíocht na tíre agus ar an saol sóisialta agus go maolófar ar na fadhbanna atá ag goilliúint ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí sa lá atá inniu ann.

Ceisteanna:

- An maith leis an bheirt seo an saol sóisialta mar atá faoi láthair?
- Cad leis a bhfuil siad ag tnúth?
- Conas a mhothaíonn siad faoin saol atá rompu féin?

11. Robail Bainc

11. Robail Bainc

Achoimre:

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar eachtra a bhain do bheirt chailíní a chuaigh ar thuras lae go Baile Átha Cliath. Chonaic siad banc á robáil ag beirt ghadaithe a raibh gunnaí acu agus chuir siad fios ar na gardaí. Gabhadh na gadaithe.

Pictiúr 1 : **Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. Fuair sí téacs-theachtaireacht óna cara, Síle.**

Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. D'ól sí cupán tae. Is léir ó na cófraí feistithe atá crochta go hard ar an mballa gur sa chistin atá sí. Tá crocaí salainn is piobair le feiceáil ar bharr na gcófraí mar aon le hiarann smúdála nó túlán (citeal) leictreach. Pracar is dócha. Fuair Áine téacs-theachtaireacht óna cara, Síle. D'fhiafraigh Síle d'Áine ar mhaith léi dul ag siopadóireacht léi sa chathair ó tharla go raibh lá saor ag an mbeirt acu. Níor ghá an cheist a chur an dara huair. Rachadh Áine go Baile Átha Cliath ar shnáth síoda.

Ceisteanna:

- Cad atá á dhéanamh ag an gcailín sa chéad phictiúr?
- Cén seomra ina bhfuil sí? Cá bhfios duit?
- Inis faoin teachtaireacht a fuair sí.

Pictiúr 2 : **Chuaigh siad beirt go dtí stáisiún na traenach.**

Chuaigh siad go dtí stáisiún na traenach. Bhí oifig na dticéad ar Ardán 2. Cheannaigh siad dhá thicéad fillte go Baile Átha Cliath. Ní raibh mórán daoine ann. Bhí seanbhean ina suí ag feitheamh ar an traein. Tar éis tamaill, tháinig an traein. Ceann úrnua ab ea í agus bhí sí go hálainn. Bhí an lá go breá brothallach. Ní raibh scamall sa spéir agus bhí an ghrian ag taitneamh.

Ceisteanna:

- Cén chaoi ar thaistil siad go Baile Átha Cliath?
- An raibh mórán daoine ag an stáisiún?
- Cén sórt aimsire a bhí ann?

Pictiúr 3a : **Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach.**

Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach. Shiúil siad suas Sráid Uí Chonaill agus iad ag breathnú ar fhuinneoga na siopaí móra. Na siopaí éadaí agus na seodóirí ach go háirithe. Chonaic siad dealbh Dhónaill Uí Chonaill, "An Fuascailteoir", (1775-1847), thíos ag bun na sráide. Thuas in aice le hArd-Oifig an Phoist bhi an Spuaic ag treá na spéire. Séadchomhartha é sin atá le feiceáil ó gach uile chearn den chathair. Bíonn solas lasta ar a bharr istoíche. D'inis Áine do Shíle go raibh an Spuaic trí chéad is a nócha a hocht (398) troigh ar airde. Bhí an tsráid plódaithe le daoine.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh siad nuair a shroich siad a gceann scríbe?
- Cad iad na séadchomharthaí a chonaic siad i lár na cathrach?
- An raibh mórán daoine ann?

Pictiúr 3b: Um thráthnóna, bhí siad ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann nuair a thárla an eachtra.

Um thráthnóna, agus an ghrian ag dul faoi, bhí an bheirt chailíní ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann. [Foirgneamh dhá urlár a bhí ann. Bhí ceithre cinn d'fhuinneoga thuas staighre agus trí cinn thíos.] Aisteach go leor ní raibh duine ná deoraí ag dul thar bráid ach iad féin amháin.

Pictiúr 4a: Chonaic siad beirt ghadaithe ag rith amach doras an bhainc.

Go tobann, chuala siad béicíl agus bagairt. Chonaic siad beirt fhear ag rith amach as an mbanc agus gunnaí ina lámha acu Bhí púicín ag clúdach a n-aghaidh chun nach n-aithneodh aon duine iad. Bhí málaí móra airgid á n-iompar acu. Níor chuir siad suntas ar bith sna cailíní.

Pictiúr 4b: Chuir Síle fios ar na gardaí.

Cé go raibh siad scanraithe, agus faitíos a n-anma orthu, bhí a fhios acu ceard ba cheart a dhéanamh. Thóg Síle amach a fón póca go díscréideach agus chuir sí fios ar na gardaí.

Ceisteanna (3b, 4a, 4b):

- Cén sórt árais a bhí ag Banc na hÉireann?
- Cé a tháinig amach as an mbanc?
- Cén chaoi a raibh siad gléasta?
- Cén fáth a raibh feisteas mar sin orthu?
- Céard a rinne duine de na cailíní?

Pictiúr 5a : Rinne na gadaithe iarracht éalú i gcarr ach chuir na gardaí a gcarr féin rompu mar bhac tráchta.

Léim na bithiúnaigh isteach i gcárr éalaithe a bhí páirceáilte acu os comhair an bhainc ach sula raibh seans acu imeacht tháinig carr na ngardaí os a gcomhair mar bhac tráchta. D'oscail na bithiúnaigh fuinneog, shín gunna amach agus thosaigh ag lámhach is ag scaoileadh rois piléar leis na gardaí. Ba é deonú Dé é nár maraíodh duine acu. Bhí an t-ádh ar na gardaí go raibh veist piléardhíonach á caitheamh acu. Nuair a bhí an t-urchar deiridh caite ag na gadaithe b'éigean dóibh géilleadh.

Pictiúr 5b: Rug na gardaí ar na gadaithe.

Níor mhair an cath ró-fhada. Ba ghearr go raibh na piléir go léir caite ag na gadaithe agus go raibh siad gan armlón. Léim na gardaí amach as a gcárr féin. Rug siad ar na gadaithe, ghabh siad iad agus chuir siad glais láimhe orthu. Fuair siad an t-airgead go léir a goideadh ón mbanc.

Ceisteanna:

- Cén plean a bhí ag na gadaithe chun éalú?
- Conas a cuireadh stop leo?
- Cad a tharla nuair a bhí armlón na ngadaithe ídithe?

Pictiúr 6a: Ghabh na gardaí buíochas leis na cailíní.

Thréaslaigh na gardaí a misneach leis na cailíní. Ghabh siad buíochas leo agus chraith siad lámh leo. D'inis siad dóibh go n-iarrfaí orthu bheith ina bhfinnéithe ar ball sa chúirt. Chaithfidis fianaise a thabhairt in aghaidh na ngadaithe. Ní raibh siad ró-shásta leis sin ach thoiligh siad é a dhéanamh.

Pictiúr 6b: Tugadh na gadaithe os comhair cúirte.

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin tugadh na gadaithe os comhair cúirte. Nuair a chuala an breitheamh fianaise na ngardaí agus na gcailíní thug sé a bhreithiúnas ar an toirt. Bhí na buachaillí seo ciontach i ngadaíocht agus ghearr sé pionós orthu. Bhí na buachaillí scanraithe roimh an mbreitheamh mar fear aosta ab ea é, aghaidh fheargach air, agus peiriúic (bréagfholt) ar a cheann aige. Bhuail sé casúr ar an gclár os a chomhair (mar a dhéanfadh ceantálaí) nuair a thug sé a bhreith. B'shin deireadh leis an gcás.

Ceisteanna:

- Céard a dúirt na gardaí leis na cailíní?
- Cén fáth ar iarr siad orthu teacht i láthair na cúirte nuair a bheadh an cás á phlé?
- Cad a tharla lá na cúirte?

12.

Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France

12. Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France

Achoimre:
Chuaigh triúr buachaillí go cluiche rugbaí i Stade de France i bPáras chun Éire a fheiceáil ag imirt in aghaidh na Fraince.

Pictiúr 1 : **Chinn triúr cairde dul go cluiche rugbaí i bPáras na Fraince..**

Bhí an triúr cairde seo ag ithe lóin i gceaintín na scoile nuair a luaigh duine acu go mbeadh Éire ag imirt i gcluiche idirnáisiúnta rugbaí i bPáras Dé Sathairn. An Satharn ina dhiaidh sin. Chinn siad ar dhul go dtí an cluiche. Scoil do bhuachaillí amháin í seo agus bhí sainéide dá gcuid féin acu. Bhí léine agus carbhat, bríste agus geansaí á gcaitheamh acu. Bhí sciath agus mana na scoile ar an ngeansaí. Maidir leis an mbéile a fuair siad sa cheaintín, ní dóigh liom gur béile ró-fholláin é. Is cosúil gur burgair – lán de shail is de gheir – a bhí á n-ithe acu agus gur gloine cóc nó gloine de dheoch mianrúil éigin a bhí á ól acu.[Ar ndóigh, ar an dtaobh eile dhe, tharlódh gur panini sailéid a bhí acu?]

Ceisteanna:

- Cén t-ábhar comhrá a bhí ag na buachaillí?
- Cá raibh siad?
- Cad a bhí á dhéanamh acu?

Pictiúr 2 : **D'eitil siad ó Aerfort Bhaile Átha Cliath.**

Maidin Dé Sathairn, chuaigh siad go dtí aerfort Bhaile Átha Cliath go moch. Ní raibh de bhagáiste acu ach mála droma an duine mar ní raibh [sé] ar intinn acu fanacht thar oíche.

Ceisteanna:

- Cad a bhí beartaithe ag na buachaillí?
- Conas a thaistil siad?
- Cén bagáiste a bhí acu?

Pictiúr 3 : **Chuaigh siad ar chamchuairt timpeall na cathrach.**

Níorbh fhada go rabhadar i lár chathair Phárais. Chun an t-am a mheilt go dtí am tosaithe an chluiche thóg siad turas mórthimpeall ar lár na cathrach ar bhus gan díon - bus turasóireachta. Chonaic siad an Túr Eiffel – ceann de shéadchomharthaí cáiliúla Phárais i lár na cathrach.

Ceisteanna:

- Conas a chaith siad an mhaidin?
- Cad a chonaic siad?
- Cén sórt bus a bhí acu?

Pictiúr 4a: Shiúil siad timpeall ar Áirse na Caithréime agus Uaigh an tSaighdiúra Anaithnid.

D’fhág siad an bus agus chuaigh siad ag spaisteoireacht timpeall ar áirse mhór, l’Arc de Triomphe, Áirse na Caithréime, a tógadh i gcómóradh ar na saighdiúirí go léir a cailleadh i gcogaí na Fraince. Tá uaigh an tSaighdiúra Anaithnid faoin áirse sin. Coinnítear lasair bheag ar lasadh ansin go síoraí seasta in omós do na saighdiúirí go léir a throid is a fuair bás ar son na Fraince. Shíl na buachaillí go raibh an ailtireacht go hálainn.

Pictiúr 4b: Amach leo go Stade de France agus isteach leo i siopa earraí spóirt.

Amach leo go Stade de France agus isteach leo i siopa spóirt áit a raibh neart cuimhneacháin ar díol, broga rugbaí, geansaithe, scátaí agus liathróidí ubhchruthacha rugbaí. Bhí gach uile short ann a bhain le spórt.

Ceisteanna:

- Cén radharc a chonaic siad?
- Cá ndeachaigh siad roimh an gcluiche?
- Cad a bhí ar díol ansin?

Pictiúr 5: Chuir an chéad leath den chluiche díomá orthu.

Bhí slua ollmhór istigh. Bhí díomá ar lucht leanúna na hÉireann nuair a tháinig an sos leath-ama mar ní raibh scóráilte ag an bhfoireann s'acusan ach trí phointe. Bhí dhá cheann déag ag an Fhrainc. Bhí an Fhrainc go mór chun tosaigh ar Éirinn.

Ceisteanna:

- An raibh mórán daoine i láthair?
- Cén fáth a raibh lucht leanúna na hÉireann an-chiúin?
- Cad é an scór a bhí ann ag leath-ama?

Pictiúr 6a: Tháinig feabhas ar Éirinn sa dara leath.

Ach sa dara leath d'éirigh le hÉirinn buntáiste a bhaint as an gcéad chlibirt agus d'imir siad go hiontach. Bhí siad snasta fuinniúil.

Pictiúr 6b: Ghnóthaigh Brian Ó Drisceoil úd.

Ghnóthaigh Brian Ó Drisceoil úd tar éis dó briseadh trí líne cosanta na Fraince.

Ceisteanna:

- Conas a d'éirigh le hÉirinn sa chlibirt?
- Cen fáth ar thosaigh lucht leanúna na hÉireann ag béiceadh is ag gárthaíl?
- Ar imir Éire go maith sa dara leath?

Pictiúr 7a : Shlánaigh Rónán Ó Gadhra an t-úd.

Shlánaigh Rónán Ó Gadhra an t-úd. Sa dara leath bhí Éire sa treis an t-am uilig. Bhí an bua á fháil acu ar an Fhrainc. Bhí siad ag sárú na Fraince i ngach áit ar fud na páirce.

Pictiúr 7b : Bhuaigh Éire an cluiche.

Bhí lúcháir ar na buachaillí go rabhadar i láthair chun a leithéid de bhua stairiúil a fheiceáil. Ag deireadh an chluiche bhí Éire sé phointe chun tosaigh ar an Fhrainc. Bhí na Gaeil ag canadh in ard a gcinn is a ngutha. Ba é an scór a fuair siad ná aon phointe is fiche d'Éirinn agus cúig phointe déag don Fhrainc. Bhuaigh Éire agus farasbarr sé phointe acu.

Ceisteanna:

- Conas a fuair Éire pointí breise?
- Conas a mhothaigh na buachaillí sa dara leath?
- Cén toradh a bhí ar an gcluiche?

13.

Turas Scoile.
Turas Scoile?
Costasach dul thar lear ....eacnamaíocht ...anseo in Éir...campa eachtraíochta...
An Róimh?
Ag sciáil ag an Nollaig?
Páras?
Buachaillí
Cailíní
Fáilte go Campa Eachtraíochta Chonamara
Rianadóireacht
Fáilte abhaile. An raibh briseadh deas agaibh?
níos fearr ná Paras
tuirseach
lontach
an-mhaith
buíochas .... na múinteoirí.

13. Turas Scoile

Pictiúr 1: "Rogha"
Lá de na laethanta ar scoil luaigh an múinteoir ranga (Ceannasaí Bliana? Príomhoide?) turas scoile leis an Séú Bliain. D'fhiafraigh sé díobh cár mhaith leo dul. D'fhreagair triúr. Mhol duine acu An Róimh mar cheann scríbe don turas. Duine eile, mhol sé Páras. Theastaigh ón triú duine dul ag sciáil um Nollaig. Labhair an múinteoir ansin agus dúirt gurbh fhearr go bhfanfaidis in Éirinn seachas dul thar lear. Bhí cúrsaí eacnnamaíoochta an-dona agus bheadh sé ró-chostasach aghaidh a thabhairt ar an mór-roinn. Mhol sé campa eachtraíochta mar rogha. Bhí gach aon duine sásta leis an gcinneadh sin agus iad ar bís go dtiocfadh an lá.

Pictiúr 2: "An Campa"
Ar deireadh thiar shroich na mic léinn an campa eachtraíochta: Campa Eachtraíochta Chonamara. Is cosúil gur thaisteal siad ar bhus an Champa féin go dtí an t-ionad. I lár an champa bhí dhá chomhartha crochta go hard ar chuaille chun na buachaillí agus na cailíní a threorú go dtí a suanliosanna féin. Bhí dhá shuanlios sa Champa, ceann do bhuachaillí agus ceann eile do chailíní, agus iad i bhfad ó chéile ar dhá thaobh an chlóis. I bhfoirgnimh dhá stór a bhí siad. Bhí an campa cosúil le sean-bhearaic. Bhí treoraíthe an champa istigh rompu agus iad gléasta i sainéide uiscedhíonach a choinneodh teas iontu le linn stoirme ar bharr sléibhe. Fear agus bean a bhí i bhfeighil an champa agus iad údarásach go leor de réir an phictiúir.

Pictiúr 3: "Trialacha agus Dúshláin"
Léiríonn an pictiúr seo na himeachtaí éagsúla a bhí ar fáil: (3a) rothaíocht; (3b) tonn-mharcaíocht nó surfáil; (3c) cadhcóireacht; (3d) ropadóireacht anuas; (3e/f) rianadóireacht, agus (3g) reathaíocht trastíre. Tá na giúirléidí agus an trealamh a bhaineann le gach ceann de na trialacha sin le feiceáil sna pictiúir bheaga: (3a) rothar agus clogad don rothaíocht; (3b) culaith fhliuch nó culaith tumadóra agus clár toinne don tonn-mharcaíocht; (3c) dhá chadhc (kayak) agus céaslaí iontu agus iad ceangailte d'iompróir a tharraingeodh carr don chadhcóireacht; (3d/e) compás, culaith teolaí dreapadóireachta sléibhe mar aon le (3f) mionléarscáil don rianadóireacht; (3g) foléine agus bríste reathaíochta don rásaíocht trastíre.

Pictiúr 4a: "Rianadóireacht"
Roghnaigh na mic léinn seo an rianadóireacht. Is léir sin ón chuaille eolais agus is féidir iad a fheiceáil ag reathaíocht suas in aghaidh mhala sléibhe (.i. in aghaidh an aird).

Pictiúr 4b: "Uisce domhain"
Bhí go maith is ní raibh go holc go dtí gurbh éigean dóibh dul thar abhainn. Ní raibh droichead, cabhsa, ná áth ar fáil dóibh. Isteach leo san uisce. Shiúil siad ar ghrinneall na habhann ó bhruach go bruach. Bhí an t-uisce domhain agus an sruth láidir. Bhí eagla ar chuid acu go mbáfaí iad.

Pictiúr 5: "Cóisir "
Is léir gur éirigh go maith leo sna trialacha agus gur sháraigh siad na dúshláin go léir. Chruinnigh siad le chéile an oíche sin sa seomra suite. Bhí teilifíseán ar siúl ach ní raibh suim dá laghad ag aon duine ann. Bhí cailín amháin ag iarraidh alt a scríobh ina dialann ach b'fhánach aici é. Thosaigh duine de na mic léinn ag gabháil fhoinn (ag canadh amhráin) agus á thionlacan féin ar an ngiotár. Chuidigh cailín leis agus í ag bualadh ar an mbodhrán. Bhí siad go hiontach mar amhránaithe agus thaitin a gcuid ceoil leis an gcuideachta uilig. Bhí an-oíche acu.

Pictiúr 6: "Sa bhaile arís"
Nuair a shroich an bus an scoil arís agus nuair a thúirling na mic léinn bhí an múinteoir ansin le fáilte a chur rompu. Dúirt siad go léir go raibh saoire iontach acu. D'admhaigh an té a mhol Páras mar ionad go raibh an campa eachtraíochta i bhfad níos fearr. Ghabh siad buíochas leis na múinteoirí a tháinig chuig an gcampa leo. Chuaigh siad abhaile tuirseach ach sona.

14.Obair Dheonach

14. Obair Dheonach.

Seo scéal faoi bheirt bhuachaillí a bhailigh airgead do Chlann Shíomóin.

Pictiúr 1. Chonaic beirt mhac léinn fógra do Chlann Shíomóin.

Nuair a bhí beirt dhéagóirí ag dul isteach ar scoil chonaic siad fógra ón bPríomhoide ar chlár na bhfógraí. "Cabhraigh le clár Clann Shíomóin. Labhair leis an bpríomhoide."
Chuir siad suim sa bhfógra agus dúirt duine díobh go bhfiosródh sé é. Dúirt an duine eile go mbainfidís triail as.

Ceisteanna:

- Cad a chonaic an bheirt mhac léinn?
- Cén eagraíocht a bhí ag lorg cabhrach?
- Cé a chuir an fógra ar chlár na bhfógraí?

Pictiúr 2: Mhínigh an Phríomhoide an rud a bhí beartaithe.

Chuaigh siad go dtí oifig an Phríomhoide agus d'fhiafraigh siad de faoi Chlann Shíomóin.
D'inis seisean dóibh cad é an gnó atá ag Clann Shíomóin. Eagraíocht a chabhraíonn le daoine gan dídean is ea Clann Shíomóin. Dúirt sé go raibh scéim beartaithe ag an scoil go rachadh roinnt scoláirí chuig an ollmhargadh áitiúil ag pacáil málaí do na custaiméirí.
Chabhróidís le daoine na hearraí a bheadh ceannaithe acu a chur sna málaí. Thosóidís ar an obair seo ag a ceathair a chlog ar an Aoine agus chríochnóidís ar a hocht a chloig.
Dúirt an bheirt óg go mbeadh siad an-sásta é sin a dhéanamh.
Ceisteanna:

- Cad a bhí beartaithe a dhéanamh chun airgead a bhailiú?
- Cá raibh sé i gceist an obair seo a dhéanamh?
- Cá fhad a bheadh orthu an obair seo a dhéanamh?

Pictiúr 3: Chuaigh siad chun cainte le bainisteoir an ollmhargaidh.

Chuaigh an bheirt chuig an mbainisteoir ar an Aoine 29ú de Mhéan Fomhair. Bhí t-léine de chuid Clann Síomóin á chaitheamh ag an mbeirt acu.
D'inis an bainisteoir dóibh cad a bheadh le déanamh acu. Chaithfidís cuidiú leis na custaiméirí na málaí a phacáil. Bheadh bosca bailliúcháin acu agus chaithfidís é sin a fhágáil in aice leo. Mhol sé dóibh gan airgead a iarraidh ar na custaiméirí. Chaithfidís an bosca a fhágáil ansin taobh leo chun go mbeadh rogha ag na custaiméirí airgead a chur ann nó gan bacadh leis. Dúirt sé go gcaithfidís féin a bheith glan, néata, deas, béasach le gach aon duine, agus fáiltiúil, cairdiúil le daoine.

Ceisteanna:

- Cé a d'inis dóibh an méid a bhí le déanamh?
- An raibh cead acu airgead a iarraidh?

- Cén sórt éide a bhí ar na mic léinn?

Pictiúr 4: Cuireadh fógra amach ar an gcallaire ar fud an tsiopa.

Bhí go maith is ní raibh go holc. Thosaigh siad ar an obair agus an chéad rud eile tháinig fógra amach ar an gcallaire ar fud an tsiopa uilig ag fógairt go mbeadh bailiúchán an lá sin do Chlann Shíomóin. Dúradh go mbeadh déagóirí áitiúla ag cuidiú leis an bpacáil. D'iarr an bainisteoir ar na custaiméirí a bheith fial leis an bhfeachtas seo chun airgead a bhailiú do Chlann Shíomóin.

Ceisteanna:

- Cad a bhí le cloisteáil ar fud an tsiopa?
- Cé dóibh an t-airgead a bhí le bailiú?
- Cad a bhí beartaithe ag na mic léinn a dhéanamh?

Pictiúr 5: Chuaigh an bheirt i mbun oibre ag scipéad an airgid.

Bhí na custaiméirí an-sásta. Thagadh custaiméir agus neart earraí ceannaithe aice agus a fhad is a bheadh sise ag lorg an airgid ina sparán déarfadh duine de na buachaillí "Fág fúmsa é. Déanfaidh mise é". Bhí na custaiméirí an-bhuíoch díobh.
"An miste leat?"
"Ní miste in aon chor. Tá fáilte romhat". Sin an comhrá a bhíodh eatarthu. Arsa bean amháin leo, "Ó is daoine deasa sibh. An-smaoineamh go deo is ea é seo."

Ceisteanna:

- An raibh áthas ar na custaiméirí cabhair a fháil?
- Cén chabhair a thug na mic léinn dóibh?
- Cén chaoi ar labhair na mic léinn leis na custaiméirí?

Pictiúr 6: D'éirigh leo €250 a bhailiú.

Sin mar a bhí i rith an lae go dtí a hocht a chlog. Ag a hocht a chlog d'fhill siad ar an mbainisteoir. D'fhiafraigh sé díobh cén chaoi ar éirigh leo. D'éirigh go hiontach leo. Dúirt siad go raibh dhá chéad is a caoga euro bailithe acu. Bhí siad an-sásta leis an toradh.
Dúirt an bainisteoir leo nach raibh iontas ar bith air mar go raibh siad an deas leis na custaiméirí. Dúirt sé go ndúirt cuid de na custaiméirí leis go raibh siad an-bhéasach agus gur mhór an chreidiúint dá dtuismitheoirí iad. "Ábhar bróid do bhur dtuismitheoirí sibh", ar seisean.
Thairg sé post páirtaimseartha san ollmhargadh dóibh dá mba mhaith leo é. Bhíodar an-sásta.

Ceisteanna:

- Cé mhéad a bhailigh siad?
- Cad a thairg an bainisteoir dóibh?
- Conas a mhothaigh na mic léinn?

Pictiúr 7: Bhronn an Príomhoide seic ar Chlann Shíomóin.

Ar an Luain dár gcionn an dara lá de Dheireadh Fómhair d'eagraigh an príomhoide bronnadh beag ar Chlann Shíomóin.
Shocraigh sé an t-airgead a bailíodh a bhronnadh i searmanas beag foirmeálta. Tháinig ionadaí de chuid Chlann Shíomóin chuig an scoil. Mhínigh sí go mbeadh gach euro a bailíodh an-úsáideach dóibh chun fóirithint ar dhaoine bochta. D'fhéadfaidís bia a ullmhú agus a chur ar fáil dóibh. Thabharfaidís fothain, foscadh agus bheith istigh do dhaoine gan dídean. Thabharfaidís éadaí agus feisteas dóibh agus bheadh siad in ann seirbhísí eile a chur ar fáil dóibh.
Mhínigh an príomhoide gur beirt de chuid na scoile, beirt mhac léinn ón scoil a rinne an bailiúchán agus gur éirigh leo dhá chéad is a caoga euro a bhailiú don eagraíocht. Rinne siad é sin in imeacht cheithre uaire oibre. Bhí gach aon duine an-bhródúil astu agus mhol sé go hard iad. Ansin bhronn sé seic ar ionadaí Chlann Shíomóin. Ghlac sise leis agus ghabh sí buíochas le gach éinne.

Ceisteanna:

- Cé a bhronn an seic ar Chlann Shíomóin ?
- Cad a dúirt an Príomhoide faoi na buachaillí?
- Cén leas a bhainfeadh Clann Shíomóin as an airgead?

15. Ag toghadh scoláire na bliana



15. Ag Toghadh Scoláire na Bliana.

Sa tsraith seo léiritear mar a toghadh Scoláire na Bliana i scoil áirithe.

Pictiúr 1. Bhí "Scoláire na Bliana" le toghadh.

Ba í Iníon Uí Néill an múinteoir a bhí i gceannas ar an Séú Bliain i gColáiste Éigse Gael. Ba ghnáth léi cruinniú den bhliainghrúpa uilig a ghairm go minic. Le linn ceann de na cruinnithe sin scríobh sí na focail "Toghchán: Scoláire na Bliana" ar an gclár dubh. D'inis sí do na daltaí go raibh ar intinn ag an bPríomhoide toghchán a eagrú agus dalta amháin a roghnú mar "Scoláire na Bliana." Dúirt sí leo go mbeadh cead ag gach dalta sa scoil vótáil sa toghchán. Ansin thug sí foláireamh dóibh gur cheart dóibh tréithe na n-iarrthóirí a chur san áireamh sula vótálfaidis. Bheadh dualgais le comhlíonadh ag an té a thoghfaí. Dá bhrí sin ba chóir do gach dalta smaoineamh go cúramach sula gcaithfidis a vóta.

Ceisteanna:

- Cén scéal a bhí ag an múinteoir don rang?
- Cén sórt duine a bhí ag teastáil?
- Cé a roghnódh an duine seo? Conas?

Pictiúr 2. Reachtáladh toghchán agus vótáil na daltaí go léir.

Os rud é nach bhfuil trácht ar iarrthóirí a bheith ag stocaireacht roimh an toghchán is léir nár ghá do dhaltaí ach ainm an té a bhí uathu a scríobh ar pháipéar ballóide agus é a chur sa bhosca speisialta a chuir an múinteoir ar fáil faoina chomhair. Bosca ab ea é nach raibh de bhéal air ach scoilt ghearr chaol ina bharr. Ní túisce an toghchán fógartha ná scuaine daltaí ag feitheamh lena vóta a chaitheamh.

Ceisteanna:

- Cad atá á dhéanamh ag na daltaí sa phictiúr seo?
- Céard atá istigh sa bhosca?
- Céard atá scríofa ar na páipéir?

Pictiúr 3. Chomhair beirt mhúinteoirí na vótaí.

Nuair a bhí an t-am caite don toghchán thug Pádraig de Barra, duine de na múinteoirí, agus an múinteoir i gceannas ar an séú bliain, Iníon Uí Néill, bosca na bpáipéar ballóide síos go dtí an Oifig Ghinearálta chun na vótaí a chomhaireamh. D'oscail siad an bosca agus chaith siad na páipéir bhallóide amach ar an deisc sa spás a bhí glanta acu in aice leis an ríomhaire. [Ar an mballa taobh thiar díobh bhí clár fógraí agus go leor nótaí agus fógraí greamaithe de le tacóidí.]

Ceisteanna:

- Céard a rinne an bheirt mhúinteoir leis an mbosca?
- Cá ndeachaigh siad chun an gnó sin a dhéanamh?
- Cad eile a bhi le feiceáil san oifig?

Pictiúr 4. Eagraíodh ócáid mhór chun toradh an toghcháin a fhógairt.

Tamall ina dhiaidh sin eagraíodh ócáid mhór fhoirmiúil i halla na scoile. Thuas ar an ardán tarraingíodh an dá bhrat stáitse siar agus sheas Iníon Uí Néill agus an Príomhoide i leataobh ar an taobh chlé den ardán. I lár an ardáin bhí crannóg agus chuaigh an múinteoir Pádraig de Barra suas ansin chun toradh an toghcháin a fhógairt.
Taobh leis, ar sheastán sorcóireach, bhí corn álainn airgid an bhuaiteora. Thíos ar úrlár an halla bhí daltaí na scoile ina suí agus iad ar bís chun ainm "Scoláire na Bliana" a chloisteáil.

Ceisteanna:

- Cén fáth ar bhailigh slua an oíche sin? Cár reachtáladh an ócáid?
- Cé bhí ar an ardán?
- Cad a bhí le bronnadh ar an mbuaiteoir?

Pictiúr 5. Ba í Sandra Ní Cheallaigh a toghadh ina "Scoláire na Bliana."

Ar deireadh thiar thall d'fhogair Pádraig toradh an toghcháin. Dúirt sé gur toghadh Sandra Ní Cheallaigh mar Scoláire na Bliana. Ghlaoigh sé uirthi agus d'iarr sé uirthi teacht aníos chun glacadh leis an gcorn. Thug an slua bualadh bos dúthrachtach di.

Ceisteanna:

- Cén gradam a fuair Sandra Ní Cheallaigh?

Pictiúr 6. Bronnadh Corn uirthi. Bhí ionadh uirthi.

Cuthaileach go leor a bhí Sandra agus í ag dul suas ar an ardán. Labhair Pádraig de Barra agus thug sé óráid bheag á moladh. Dúirt sé go raibh an gradam tuillte go maith aici i ngeall ar a dea-iompair agus i ngeall ar an sár-obair a dhéanadh sí. Anuas air sin bhíodh sí i gcónaí sásta cuidiú le daltaí eile. Rinne sé comhghairdeas léi.

Bhronn Pádraig an corn ar Sandra. Is ar éigean a bhí Sandra in ann labhairt in aon chor. Bhí sí an-trína-chéile. Ní raibh coinne aici le gradam mar seo. Dúirt sí go raibh ionadh uirthi. Ghabh sí buíochas leo siúd a vótáil di sa toghchán.

Ceisteanna:

- Céard a dúirt Pádraig faoi Sandra?
- Céard a thug sé di?
- Céard a dúirt Sandra?

16. Teip *sa* Scrudu Tiomana

16. Teip sa Scrúdú Tiomána

Tá seacht gcinn de phictiúir sa tsraith seo. Tabharfaidh mé Seán ar an stócach atá ag dul faoi scrúdú.

Pictiúr 1 : Fuair Seán siab óna athair go dtí an t-ionad tástála.

Bhí coinne ag Seán dul faoi scrúdú tiomána. Shroich sé an t-ionad tástála in am mar thug a athair siab dó. Tar éis dá athair "ádh mór" a ghuí air d'fhág sé ann é. Bhí an cáirrín beag ina ndéanfadh sé an scrúdú réidh faoina chomhair agus "L" mór groí ar an ngaothscáth tosaigh agus ceann eile ar an bhfuinneog cúil. Seasann L d'fhoghlaimeoir as Béarla, ar ndóigh. Is léir ón dreach imníoch a bhí ar Sheán go raibh faitíos air roimh an scrúdú seo.

Ceisteanna:

- Cé a thug Seán go dtí an t-ionad tástála?
- Cén fáth ar tháinig Seán go dtí an t-ionad tástála? Cad atá uaidh?
- An dóigh leat gur mhaith leis an scrúdú a bhí le déanamh aige? Cá bhfios duit?

Pictiúr 2a Chuir an scrúdaitheoir tiomána cúpla ceist ar Sheán ar dtús.

Nuair a chonaic Seán an scrúdaitheoir thit an lug ar an lag air. Fear ró-dháiríre ab ea é. Bhí gruaig dhubh air, spéaclaí sean-fhaiseanta le frámaí dubha á gcaitheamh aige, agus cé go raibh a ghialla bearrtha bhí iarracht d'fhéasóigín is de chroiméal tanaí timpeall ar a bhéal. Geosadán má bhí a leithéid riamh ann, dar le Seán. Dúirt sé go gcuirfeadh sé cúpla ceist ar Sheán ar dtús. Bhí peann agus fáisc-chlár ina lámha aige agus thosaigh sé ag scríobh.

Ceisteanna:

- Cén fáth ar thit an lug ar an lag ar Sheán nuair a chonaic sé an scrúdaitheoir?
- An raibh an scrúdaitheoir glanbhearrtha?
- Cén chaoi ar chuir sé tús leis an scrúdú?

Pictiúr 2b Dúirt an scrúdaitheoir le Seán an carr a thiomáint ar aghaidh.

Ar deireadh thiar tosaíodh ar an scrúdú. Shuigh Seán i suíochán an tiománaí agus an scrúdaitheoir i suíochán an phaisinéara. Cheangail siad araon an crios sábhála. Bhí droch-ghiúmar ar an scrúdaitheoir. B'fhéidir go raibh eagla air siúd freisin.

Ceisteanna:

- Cén fáth a raibh dreach dorcha gruama ar aghaidh an scrúdaitheora?

Pictiúr 3 Bheannaigh Seán do bheirt dá chairde a chonaic sé ar an tsráid.

Rinne Seán dearmad ar an scrúdú tiomána nuair a chonaic sé cairde leis ag teacht amach as siopa.

Bhain sé a lámh dheis den roth stiúrtha agus bheannaigh sé dóibh. Bhí an-bhród air go raibh carr á thiomáint aige. Bhí an scrúdaitheoir ar mire le fearg.

Ceisteanna:

- Céard a bhain aird Sheáin den tiomáint?
- Cad a cheap an scrúdaitheoir faoi sin?

Pictiúr 4 Tharla timpiste. Bhuail carr Sheáin in aghaidh cairr eile.

Seán bocht. A fhad is a bhí seisean ag beannú dá chairde stop an carr a bhí os a chomhair agus bhuail carr Sheáin é. Plimp! Bhí an dochar déanta. Baineadh geit as an tiománaí eile. Ní raibh a fhios aige cad a tharla. Bhí alltacht ar Sheán agus uafás ar an scrúdaitheoir. Bhí aiféala ar chairde Sheáin.

Ceisteanna:

- Cén timpiste a tharla?
- Ar gortaíodh aon duine?

Pictiúr 5 Cuireadh fios ar na gárdaí.

Cuireadh fios ar na gardaí agus b'éigean don scrúdaitheooir a mhíniú dóibh gur fhoghlaimeoir é Seán agus go ndearna sé dearmad. B'éigean do Sheán a leithscéal a ghabháil leis an tiománaí eile. Gheall sé go n-íocfadh a athair as na soilse a briseadh ar an gcarr eile mar is léir ó na sligí gloine a bhí sa bhruscarnach ag láthair na timpiste.

Ceisteanna:

- Cé a chuir fios ar na gardaí?
- Cad a dúirt an scrúdaitheoir leis an ngarda?
- Cén bhruscarnach a bhí ar an tsráid?

Pictiúr 6 Theip ar Sheán sa scrúdú ach bheadh seans eile aige.

Nuair a d'fhill Seán agus an scrúdaitheoir ar an Ionad Tástála d'inis an scrúdaitheoir do Sheán gur theip air sa scrúdú an uair seo ach go mbeadh seans eile aige. Dá ndéanfadh sé cleachtadh agus dá dtabharfadh sé aire don trácht os a chomhair ar an tsráid go n-éireodh leis. Chuaigh Seán abhaile maolchluasach go leor.

Ceisteanna:

- Ar éirigh go maith le Seán sa scrúdú tiomána?
- Cad a mhol an scrúdaitheoir dó a dhéanamh?
- Cén rabhadh a thug sé dó?

17. **Bua sa Seó Tallainne**

17. Bua sa Seó Tallainne

Seo scéal faoi cheathrar buachaillí a chuir isteach ar chomórtas tallainne.

Pictiúr 1: Chinn ceathrar buachaillí ar chur isteach ar sheó tallainne.

Chonaic siad fógra go raibh seó tallainne le reachtáil go háitiúil i gceann trí nó ceithre mhí. Chuir siad spéis ann mar ba cheoltóirí iad. Dúirt Diarmaid gur cheart dóibh cur isteach air. Bhí ceol acu agus níor dhochar dóibh triail a bhaint as. D'aontaigh Aodh leis. Ba dheas an rud duais míle euro a bhuachan!

Ceisteanna:

- Cad a chonaic na buachaillí?
- Cén tallann a bhí acu?
- Cá mhéad a bhí le fáil ag an mbuaiteoir?

Pictiúr 2: Thosaigh siad ag cleachtadh.

Thosaigh siad ag cleachtadh i Mí Feabhra. Chinn siad ar "An Criú Craiceáilte" a thabhairt orthu féin mar bhuíon ceoil. Chaith siad trí mhí ag cleachtadh.

Veidhleadóir ab ea Aodh. Nuair a chuireadh seisean an bogha leis na sreanga ar an bheidhlín chuireadh sé drithlíní scleondair i gcroí gach aon duine le binneas a cheoil.

Ba é Brian an drumadóir.

Bhí an-rithim ann agus é in ann an luas a choinneáil go cruinn. Níor bhuail sé ró-thapa ná ró-mhall. Bhí guth binn ag Ciarán agus ghlac seisean air féin na hamhráin a chasadh.

Giotáraí den scoth ab ea Diarmaid agus bhí sé in ann comhcheol a choinneáil leo.

Ceisteanna:

- Cá fhad a chaith siad ag cleachtadh?
- Cad iad na gléasanna ceoil a sheinn siad?
- Cén t-ainm a thug siad orthu féin?

Pictiúr 3. Bhí an cleachtadh deiridh acu ina réamhléiriú sa halla féin.

Nuair a tháinig lá an chomórtais iarradh ar na hiomaitheoirí go léir teacht isteach go luath chun cleachtadh ardáin a dhéanamh. Theastaigh ón innealtóir fuaime an córas aimplitheoireachta a sheiceáil agus a choigeartú. D'iarr na buachaillí ar athair Aodha teacht in éindí leo agus éisteacht leo ag an gcleachtadh deiridh seo. Ceoltóir gairmiúil ab ea é sin. Dúirt seisean go rabhadar thar cionn agus gur tháinig feabhas mór orthu i rith míonna an Earraigh. Mar sin féin mhol sé dóibh triail a bhaint as cúpla ciúta eile chun snas breise a chur ar a gcuid seanma. Ghlac siad go fonnmhar lena chomhairle.

Ceisteanna:

- Cathain a bhí an cleachtadh deiridh acu?

- Cén fáth ar ghá dóibh dul isteach go luath?
- Cé a chuir comhairle orthu?

Pictiúr 4. Tháinig slua mór chun an Seó Tallainne a fheiceáil.

Ar deireadh thiar thall tháinig oíche an taispeántais. I Halla an Phobail a bhí an Seó Tallainne le reachtáil. Leathuair an chloig roimh am tosaithe chruinnigh slua mór daoine os comhair an halla. Theastaigh uathu go léir suíocháin mhaithe a fháil. Bhí an oíche dorcha faoin am a osclaíodh na doirse. Bhí scuaine daoine ag feitheamh le dul isteach agus neart carranna páirceáilte sa charrchlós taobh amuigh.

Ceisteanna:
- Cá raibh an seó le bheith ar siúl?
- An raibh suim ag mórán daoine ann?
- Cén chóir thaistil a bhí ag roinnt de na daoine a tháinig?

Pictiúr 5. Chuir láithreoir gach iomaitheoir in aithne don lucht éisteachta.

Pearsa cáiliúil teilifíse ab ea an Láithreoir (nó "Fear an Tí" mar a thugtaí air fadó) agus bhí sé an-síodúil dea-labhartha. Bhí sé gléasta go deas i gculaith fhoirmiúil, léine agus carbhat. Bhí a chuid gruaige agus a fhéasóg cóirithe go néata. Bhí cuma an-slachtmhar air.

Chuir sé gach mír i láthair an lucht éisteachta, ceann i ndiaidh a chéile. Mhol sé gach duine díobh agus d'iarr sé bualadh bos dóibh. Ba iad "An Criú Craiceáilte" an mhír dheiridh ar an gclár.

Ceisteanna:

- Cén feisteas a bhí ar an Láithreoir?
- Cén gnó a bhí aige siúd an oíche sin?
- Cathain a glaodh ar "An Criú Craiceáilte"?

Pictiúr 6. Thaitin "An Criú Craiceáilte" go mór leis an lucht féachana.

Chuaigh "An Criú Craiceáilte" amach ar an árdán agus thosaigh siad ag seinm. Cé go raibh slua mór os a gcomhair d'éirigh go maith leo. Thosaigh an slua ag bualadh bos agus ag tabhairt an-tacaíocht dóibh nuair a sheinn siad go tapa. Thug siad an-éisteacht dóibh nuair a chan Ciarán amhrán mall brónach.

Ceisteanna:

- An raibh cuthail ar bhaill "An Criú Craiceáilte" amuigh ar an ardán?
- Conas a léirigh an slua gur thaitin ceol mear leo?
- Cad a rinne siad nuair a bhí amhrán mall brónach á chanadh?

Pictiúr 7. D'fhógair an Láithreoir an buaiteoir agus bhronn sé an duais.

Tar éis do gach iomaitheoir dul ar an ardán chuaigh an Láithreoir suas arís. Thug sé óráid ghearr. Ghabh sé buíochas le gach aon duine a bhí páirteach sa chomórtas. Mhol sé na hiomaitheoirí go léir. D'éirigh leo go léir caighdeán ard a bhaint amach. Dúirt sé go raibh jab an-deacair le déanamh ag na moltóirí buaiteoir a roghnú.

Ina dhiaidh sin féin bhí áthas air a fhógairt gurbh iad “An Criú Craiceáilte” a bhuaigh an duais. Ghlaoigh sé orthu teacht amach ar an ardán. Ní gá a rá ach go raibh dea-aoibh ar na buachaillí nuair a bronnadh an duais míle euro orthu.

Ceisteanna:

- Cad a dúirt an Láithreoir faoi na hiomaitheoirí i gcoitinne?
- Cé a bhuaigh an comórtas?
- Cad é an duais a bronnadh orthu?

Pictiúr 8: Thug baill “An Criú Craiceáilte” cuairt ar shiopa ceoil.

Bhí go maith is ní raibh go holc, chinn baill an ghrúpa “An Criú Craiceáilte” leanúint ar aghaidh ag seinm le chéile. An chéad uair eile a thug siad cuairt ar “An Fonn Mall” an siopa ceoil a bhí ar an mbaile, labhair fear an tsiopa leo agus dúirt sé go bhfaca sé gur bhuaigh siad a lán airgid. Theastaigh uaidh rúdaí a dhíol leo. Bhí sladmhargaí ar fáil an lá sin, dar leis. Dhíolfadh sé a lán earraí ceoil leo ar leath-phraghas. Níor cheannaigh siad a dhath.

Ceisteanna:

- Cén siopa a ndeachaigh na buachaillí chuige tar éis an Seó Tallainne?
- Cén fáth a raibh fear an tsiopa an-díograiseach ag iarraidh rudaí a dhíol leo?
- Ar cheannaigh siad mórán?

Pictiúr 9. Shocraigh baill an ghrúpa ceoil an t-airgead a lóisteáil sa bhanc.

Thug Brian an seic leis go dtí an banc. D’oscail sé cuntas bainc in ainm “An Criú Craiceáilte” agus lóisteáil sé an seic.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh Brian?
- Cad a bhí ina lámh aige?
- Ar thóg sé airgead tirim nó ar oscail sé cuntas sa bhanc?

18. Bronntanas Costasach

18. Bronntanas Costasach

Pictiúr 1: "Breithlá Mháire á cheiliúradh"
Is deas an ócáid atá á cheiliúradh sa chéad phictiúr, lá breithe Mháire, a bhí ar an gcúigiú lá de Bhealtaine (5 Bealtaine). Tá a hathair is a máthair, a deartháir agus a deirfiúr i láthair, agus iad go léir ag guí breithlá sona uirthi. D'oscail sí na beartáin agus thóg sí amach na bronntanais a tugadh di, fón póca agus T-léine. (Sílim go bhfuil T-léine ar an mbord.) Bhí ríméad ar Mháire na bronntanais a fháil. Bhí aoibh agus dea-ghiúmar ar gach duine agus iad ag tréaslú a lá breithe léi.

Cén aois í? A seacht nó a hocht mbliana déag is dócha.

Pictiúr 2: "Na glaonna tosaigh"
Ní túisce an fón póca faighte aici ná í ag glaoch ar a cairde go léir. Chuir sí glao gutháin ar gach aon duine a raibh aithne aici orthu agus bhain sí an-spraoi as an bhfón.

Pictiúr 3: "Comhrá fada"
An-chainteoir ab ea í agus d'fhanadh sí an-fhada ag caint ar an bhfón. Is iomaí ábhar cainte a tharraing sí anuas, an tsiopadóireacht a rinne sí, an chaoi ar chaith sí an Aoine, cuntas ar an dioscó agus an stócach deas, Séan, a casadh uirthi. Bhí an t-uafás nuaíochta aici dá cairde go léir. Thaitin an fón go mór léi.

Pictiúr 4: "Bille mór gan choinne"
Thaitin. Go dtí go bhfuair sí bille teileafóin ar €123.35 ar an 12 Meitheamh (ar chéad is a fiche cúig euro agus tríocha cúig cent ar an dara lá déag de Mheitheamh). Bhí alltacht agus uafás uirthi. Ní raibh an méid sin airgid sa saol aici. Ní raibh a fhios aici cad a dhéanfadh sí.

Pictiúr 5: "Comhairle ón teaghlach"
D'iarr sí comhairle ar an teaghlach. Bhí fearg ar a hathair. Dúirt sé gur do-chreidte an bille é agus nár thuig sé cén fáth nár smaoinigh sí ar a raibh á dhéanamh aici. Gheall a deirfiúr go dtabharfadh sí airgead ar iasacht di. Mhol a deartháir di téacsáil. Dúirt sé go mbeadh téacsáil níos saoire ná glaonna gutháin a dhéanamh. Labhair a máthair ansin faoi réiteach na faidhbe, téacsanna seachas glaonna.

Pictiúr 6: "Téacsáil"
Ar an dara lá is fiche de Lúnasa (22 Lúnasa) tháinig an chéad bhille eile. Bhí an ceann seo i bhfad níos lú. Ní raibh ann ach bille ar chúig euro is fiche (€25). Ba mhór an faoiseamh di é sin. Is léir ón dreach ar a haghaidh sa phictiúr seo go raibh ciall ceannaithe aici. Ní raibh á dhéanamh aici leis an bhfón anois ach téacsanna a chur. Bhí deireadh leis na comhráití fada.

19. SLainte na n-Óg- Seachtain na Slainte **na Slainte**

19. Sláinte na nÓg - Seachtain na Sláinte

Achoimre

Sa tsraith pictiúr seo léirítear dúinn na bealaí a ndeachaigh scoil amháin i mbun dea-shláinte a chothú i measc na ndaltaí. D'fhógair an Príomhoide go mbeadh "Seachtain na Sláinte" acu. Ar an gclár bheadh cluiche peile, gleacaíocht, athruithe i mbiachlár cheaintín na scoile, siúlóid urraithe, agus léacht.

Pictiúr 1 : **D'fhógair Príomhoide na scoile go mbeadh an dea-shláinte á cur chun cinn an tseachtain dár gcionn.**

Ag a leath uair tar éis a deich ar maidin labhair Príomhoide na scoile leis na daltaí agus leis na múinteoirí go léir thar chóras fógartha poiblí na scoile. Bhí mícreafón ar an mbord aici agus bhí sí in ann labhairt leo go léir trí challairí sna seomraí. D'fhógair sí go mbeadh "Seachtain na Sláinte" á cheiliúradh an tseachtain dár gcionn agus go mbeadh imeachtaí speisialta á reachtáil chun dea-shláinte a chothú agus a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí, agus tuismitheoirí na scoile.
Ceisteanna:

- Cé a labhair leis na daltaí?
- Cén chaoi a raibh sí in ann labhairt le gach rang gan bogadh óna deisc féin?
- Cad a dúirt sí?

Pictiúr 2A : **Cuireadh cluiche peile ar siúl idir na daltaí agus na múinteoirí.**

I measc na n-imeachtaí a bhí beartaithe bhí cluiche peile idir na daltaí agus na múinteoirí le bheith ann. Is cinnte gur bhain gach duine an-spraoi as sin.
Ceisteanna:

- Cad é an chéad imeacht a heagraíodh?
- Ar thaitin sé leis na daltaí?

Pictiúr 2B : **Thosaigh na sinsir ar chleachtaí gleacaíochta a dhéanamh.**

Ansin moladh do na scolairí dul go dtí ionad aclaíochta na scoile agus cleachtaí gleacaíochta a dhéanamh. Rinne siad é sin go fonnmhar. Go moch gach maidin d'osclaítí halla spóirt na scoile agus chaitheadh cuid de na daltaí sinsearacha tamall roimh na ranganna ag cleachtadh ar chúirt na cispheile.

Ceisteanna:

- Cad a bhíodh á dhéanamh ag na scoláirí sa halla spóirt?
- Cathain a théidis go dtí an halla spóirt?
- Cén cluiche a d'imrítí ansin de ghnáth.

Pictiúr 3A : **D'athraigh bialann na scoile an biachlár a bhí acu. Bia folláin a bheadh ar díol acu feasta.**

Chinn lucht riartha bhialann na scoile ar bheartas nua maidir le bia a chur ar bun. Chuir siad an mana "BIA SLÁINTIÚIL" os cionn an chuntair agus d'fhógair siad go mbeadh smailceanna folláine á gcur ar fáil acu feasta, greimíní gasta ar nós úlla, iógart, agus árán donn tí.
Ceisteanna:

- Cad a rinne an bhialann chun dea-shláinte a chothú?
- Cén fógra a chuir siad suas?
- Cén sórt smailceanna a chuir siad ar díol an tseachtain sin?

Pictiúr 3B : **D'éirigh siad as na cineálacha bia a bhfuil geir diobhálach iontu**

Sa phictiúr seo feicimid cineálacha bia nár cheart do dhaoine óga a ithe. Cé gur blasta iad sceallóga agus burgair bíonn an iomarca gréisce agus geire iontu. A lán de na deochanna mianrúla a ólann daoine óga níl siad go maith don chroí ná don tsláinte. Fadhb mhór sa lá atá inniu ann is ea fadhb na beathaitheachta. Éiríonn roinnt daoine i bhfad ró-ramhar agus ró-throm dá n-aois agus dá n-airde.

Ceisteanna:

- Cad iad na cineálacha bia nach bhfuil go maith dar le lucht na bialainne?
- Cad faoi na deochanna mianrúla?
- Cad é an fhadhb shláinte a thagann ar dhaoine áirithe?

Pictiúr 4: Eagraíodh siúlóid faoi urraíocht chun airgead a bhailiú d'fhonn trealamh spóirt a cheannach.

Eagraíodh siúlóid urraithe i rith Seachtain na Sláinte. Slí chun airgead a bhailiú is ea siúlóid urraithe. Caithfidh daoine atá rannpháirteach sa tsiúlóid "urraíocht" a fháil ó ghaolta, ó chomhharsana, ó chairde nó ón lucht gnó.

Is ionann urraíocht agus geallúint go n-íocfaidh na hurraí méid áirithe airgid má chríochnaíonn an rannpháirtí an tsiúlóid. Bhí airgead ag teastáil go géar ón scoil seo chun trealamh spóirt a cheannach. Cibé airgead a bhaileoidís chaithfidís ar threalamh spóirt é.

Fuair siad lá an-bhreá don tsiúlóid. Bhí sé go deas tirim agus bhí an ghrian ag scalladh. Ba rí-dheas an áit í ina raibh siad ag siúl. Páirc phoiblí is dóigh liom. Bhí cosán tirim futhu agus fál feá rua taobh leo.

Ceisteanna:

- Inis dhá chuspóir a bhí ag lucht eagraithe na siúlóide?
- Cad air a chaithfidis an t-airgead?
- Cen chaoi a raibh an aimsir an lá sin?

Pictiúr 5: Thug an Comhairleoir Gairmmthreorach léacht ar shláinte na hintinne.

Lá de na laethanta i rith na seachtaine, labhair an Comhairleoir Gairmthreorach leis na scolairí faoi ghnéithe eile den tsláinte, sláinte na hintinne (meabhairshláinte nó sláinte mheabhrach). Labhair sí leo faoi na fadhbanna a bhíonn ag daoine óga. Dúirt sí nár chóir dóibh a bhfadhbanna pearsanta a choinneáil faoi rún acu féin ach gur cheart dóibh labhairt le duine éigin eile, duine freagrach ar nós tuismitheoir nó múinteoir nó dochtúir chun go bhfaighidís comhairle. Dá roinnfidís an t-ualach imní le duine freagrach eile laghdófaí air agus gheobhaidis faoiseamh. Gheall sí go bhfaighidís comhbhá agus cabhair ó gach aon duine i gcás mar sin. Bhí cúnamh le fáil ach é a iarraidh.

Ceisteanna:

- Cén t-ábhar cainte a bhí ag an té a labhair leis na daltaí?
- Cad é an chomhairle a bhí aici dóibh?
- Cén gheallúint a thug sí dóibh an dóigh leat?

Pictiúr 6: Ghabh an Príomhoide buíochas le gach duine a ghlac páirt i Seachtain na Sláinte. D'éirigh thar barr leo.

Ag a ceathrú tar éis a dó ar an Aoine cuireadh clabhsúr le Seachtain na Sláinte. Labhair an Príomhoide arís thar chóras fógartha poiblí na scoile agus ghabh sí buíochas le gach aon duine. Dúirt sí gur éirigh go han-mhaith leis an tseachtain, Seachtain na Sláinte. Seachtain den scoth ab ea í dar léi. D'iarr sí orthu leanúint ar aghaidh leis an gcleachtadh coirp agus le cothú na haclaíochta. Mhol sí dóibh bia maith

folláin a ithe i gcónaí agus na "greimíní gasta" díobhálacha a sheachaint as sin amach.

Ceisteanna:

- Cén chaoi ar éirigh leis an bPríomhoide labhairt leis na daltaí agus leis na múinteoirí go léir gan an deasc a fhágáil?
- Cad a dúirt sí?
- An raibh sí sásta?

Samhradh Iontach

20. Samhradh Iontach

Achoimre:
Sa tsraith seo tugtar cuntas ar an gcaoi ar chaith beirt chailíní an samhradh, le hobair, le taisteal, le spórt, le caitheamh aimsire, agus ag cabhrú le daoine a raibh cúnamh uathu..

Pictiúr 1 : **Bhí an bheirt chailíní ag caint is ag pleanáil do laethanta saoire an tsamhraidh.**

Lá breá brothallach ab ea é. Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Bhí beirt chailíní ag caint le chéile.ar an tsráid os comhair an tséipéil tar éis dóibh laethanta saoire a fháil ón scoil. Bhí siad ag pleanáil don samhradh fada a bhí amach rompu. Bhí mála scoile ar ghualainn gach duine acu.

Foirgneamh áirgiúil ab ea an séipéal a raibh crainn síorghlasa ag fás timpeall air. Seans maith go raibh reilig istigh ansin chomh maith agus is dócha nach raibh na scoileanna ró-fhada ón láthair ach oiread. . Bhí doras an tséipéil amuigh ar thaobh an bhóthair agus túr nó cloigtheach ard os a chionn. Bhí clog mór ar a aghaidh. B'fhurasta an t-am a léamh, a ceathrú tar éis a trí.

Ceisteanna:

- Cá raibh an bheirt chailíní ina seasamh?
- Cén chaoi a raibh an aimsir?
- Cad é an t-ábhar comhrá a bhí eatarthu?

Pictiúr 2a : **I dtosach theastaigh uathu post a fháil chun airgead a thuilleamh.**

An chéad rud a bheartaigh siad a dhéanamh ná post oibre a fháil. Chuaigh siad go dtí an t-óstán áitiúil. D'iarr siad cead labhairt leis an mbainisteoir. D'inis siad dó go raibh post sealadach á lorg acu. Chuir seisean faoi agallamh iad ina oifig. Fear óg dea-ghléasta ab ea é a raibh a chuid gruaige cíortha go maith aige. Bhí culaith fhoirmiúil, léine bán agus carbhhat á gcaitheamh aige. Bhí a ainm le féiceáil ar lipéad aitheantais ar bhrollach a chasóige.

Pictiúr 2b : **D'éirigh leo postanna a fháil mar ghlantóirí seomra.**

Fuair siad araon postanna mar ghlantóirí seomra. Tugadh sainéide agus náprún dóibh le caitheamh agus map, buicéad agus ábhar glantacháin le húsáid nuair a bheadh siad ag obair. Chaithfidís na leapacha a chóiriú, na cairpéid a fholúsghlanadh agus na seomraí folctha a sciomradh sula dtiocfadh na haíonna isteach.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh siad ag lorg oibre?
- Cén post a fuair siad?
- Cad iad na dualgais a bhí orthu?

Pictiúr 3 : **Chuaigh siad ar saoire go dtí an Róimh.**

Caithfidh gur thuill siad neart airgid nuair a bhí siad ag obair san óstán mar bhí siad in ann dul ar saoire go dtí an Róimh ina dhiaidh sin. Thug siad cuairt ar an Colosseum. Amharclann ábhalmhór is ea é sin a tógadh dhá mhíle bliain ó shin ina bhféadfadh na mílte duine drámaí agus seónna brúidiúla a fheiceáil. Cheap na cailíní gur chathair ghleoite í an Róimh agus bhí siad an-sásta lena dturas.

Ceisteanna:

- Cá ndeachaigh siad ar a laethanta saoire?
- Cén sórt áite é an Colosseum?
- Cad a cheap siad faoin Róimh?

Pictiúr 4a: D'imir siad peil ar fhoireann na gcailíní agus bhuaigh siad Corn na Craoibhe.

Nuair a d'fhill siad ar Éirinn d'imir siad cluiche peile ar fhoireann na gcailíní. Is léir ón ríméad atá orthu agus ón gcorn atá crochta in airde acu gur bhuaigh siad cluiche ceannais na Craoibhe.

Pictiúr 4b: Casadh beirt bhuachaillí orthu an oíche sin sa phictiúrlann.

An oíche sin, chuaigh siad amach chuig an phictiúrlann. Bhain siad an-taitneamh as an scannán a bhí á thaispeáint. Bhí sé an-ghreannmhar. Casadh buachaillí deasa orthu sa phictiúrlann agus chuir siad aithne ar a chéile. Cheannaigh siad smailc le hithe, boscaí móra de ghrán rósta agus deochanna boga. Tugadh soipíní dóibh leis na deochanna a ól.

Ceisteanna:

- Conas d'éirigh leo sa chluiche peile?
- Cad é an duais a fuair siad?
- Cá ndeachaigh siad ina dhiaidh sin?

Pictiúr 5: Chaith siad roinnt ama ag obair le Cumann Naomh Uinseann de Pól.

Ní raibh siad leithleasach – ní ag smaoineamh orthu féin amháin a bhí siad mar chláraigh siad le Cumann Naomh Uinseann de Pól. Cumann carthannachta is ea é sin a dhéanann obair dheonach do dhaoine a mbíonn fadhbanna eagsúla ag cur isteach orthu. Théadh na cailíní timpeall chuig daoine bochta le beartáin lán de shólaistí a bheadh ag teastáil uathu. Daoine ab ea iad seo a bheadh ró-lag le dul ag siopadóireacht dóibh féin nó a bheadh ar easpa airgid. Bhí na cailíní seo breá láidir agus bhí siad in ann cabhrú leo gan stró. Théidís ag siopadóireacht dóibh agus thugaidís riachtanaisí na beatha chucu – le grá Dé.

Ceisteanna:

- Cén sórt eagraíochta é an cumann ina raibh siad?
- Cén t-ainm a bhí ar an gcumann sin?

- Cén chaoi ar chabhraigh siad le daoine?

Pictiúr 6: Thaitin an samhradh sin go mór leo. Thosaigh siad ag smaoineamh ar an bhliain dár gcionn.

Nuair a tháinig deireadh leis an samhradh ba bhreá leis an bheirt acu breathnú siar ar an gcaoi ar chaith siad na laethanta saoire. Bhí siad beirt ar aon aigne go raibh samhradh an-bhreá acu. Dúirt duine acu gurbh é sin an samhradh ab fhearr dá raibh riamh acu. Is ansin a thosaigh an bheirt acu ag pleanáil arís do shamhradh na bliana dár gcionn. Dá luaithe ab fhearr dar leo.

Ceisteanna:

- Ar thaitin an samhradh leo?
- Cad dúirt siad faoi?
- Céard air ar thosaigh siad ag smaoineamh?